GA 2024

17

Tuarascáil speisialta

# Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic

## D'ainneoin cineálacha nua cur chuige, níl an tacaíocht fócasaithe go fóill

CURIA RATIONUM
CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-X** |
| **Réamhrá** | **01-13** |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | **14-21** |
| **Barúlacha** | **22-80** |
| **Bhí straitéis CIAE fós leathan, agus – cé go raibh an tacaíocht solúbtha – ní raibh spriocdhíriú leordhóthanach déanta ar na roghanna cistiúcháin** | **22-40** |
| Bhí cuspóirí CIAE fós róleathan agus ní raibh ach tionchar teoranta ag tuarascálacha taighde ar straitéis CIAE | **22-29** |
| Sásra níos tapa chun cinntí maoiniúcháin a dhéanamh ach gan cuntas a dhóthain ar na ceachtanna a foghlaimíodh ná ar ghrinnmheasúnuithe riachtanas | **30-40** |
| **In ainneoin cur chuige nuálach i leith rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht dheacair, níor tugadh aghaidh go cuimsitheach ar na rioscaí sin** | **41-60** |
| Ní dhearnadh measúnú cuimsitheach ar na rioscaí do chearta an duine a d'fhéadfadh a bheith ann | **41-47** |
| Ní raibh an faireachán agus an tuairisciú ar chearta an duine sách stóinseach, in ainneoin go ndearnadh faireachán tríú páirtí ar bhonn píolótach | **48-60** |
| **Tá easpa cruinnis ag gabháil le gnéithe den chóras faireacháin agus tuairiscithe, agus ní léiríonn na gnéithe sin fós cén cur chuige is fearr a d'oibrigh** | **61-80** |
| Déanann an córas faireacháin táscairí aschuir ó na tionscadail go léir a chomhiomlánú, ach fuaireamar nach bhfuil sé cruinn agus go maíonn sé go bhfuil níos mó bainte amach ná mar atá dáiríre | **61-64** |
| Níl dóthain sonraí fós ann chun a léiriú cé chomh hinbhuanaithe is atá CIAE ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le himirce neamhrialta agus le heasáitiú éigeantais | **65-80** |
| **Conclúidí agus moltaí** | **81-90** |

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Obair leantach ar ár moltaí i dTuarascáil speisialta 32/2018

Iarscríbhinn II – Sampla CIE agus measúnú ar thionscadail

Iarscríbhinn III – Sampla don obair leantach ar mholadh 2 i dTuarascáil speisialta 32/2018

Iarscríbhinn IV – Sampla de tháscairí aschuir CFF

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** I nDeireadh Fómhair 2015, bhunaigh an Coimisiún Eorpach Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh (CIAE) don chobhsaíocht agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis an imirce neamhrialta agus le daoine a bheith á n-easáitiú san Afraic.

**II** Díríonn CIAE ar an ngéarchéim i dtrí réigiún san Afraic: an tSaiheil agus Loch Shead, Corn na hAfraice, agus Tuaisceart na hAfraice. Déanann sé cobhsaíocht agus bainistiú feabhsaithe ar shreabha imirce a chur chun cinn, agus tugann sé aghaidh ar na bunchúiseanna atá le díchobhsú, le heasáitiú éigeantais agus le himirce neamhrialta i 27 dtír. Amhail ag deireadh 2023, bhí €4 508 milliún dá dhearlaic de €5 bhilliún íoctha amach ag CIAE.

**III** Rinneamar iniúchadh feidhmíochta den chéad uair ar CIAE in 2018. Ós rud é nach raibh an ciste i bhfad curtha ar bun ag an am sin, bhí na tionscadail fós ina dtús. Thángamar ar an gconclúid, cé gur uirlis sholúbtha a bhí in CIAE, gur cheart fócas níos fearr a bheith aige. Don tuarascáil seo, rinneamar obair leantach ar na moltaí a bhí déanta roimhe seo againn agus fuaireamar go ndearnadh na moltaí sin a chur chun feidhme go pointe áirithe.

**IV** Scrúdaíomar freisin an raibh fócas na tacaíochta ó CIAE ag díriú ar a aidhmeanna a bhaint amach ach fós go raibh cúram cuí á dhéanamh aige do chearta an duine. Fuaireamar nach raibh fócas a dhóthain sa tacaíocht sa mhéid is go rabhthas ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar réimse róleathan de ghníomhaíochtaí forbraíochta, daonnúla agus slándála. Sa bhreis air sin, tá laigí ann maidir le cruinneas agus inbhuanaitheacht na dtorthaí atá tuairiscithe, agus níor tugadh aghaidh go cuimsitheach ar rioscaí maidir le cearta an duine.

**V** Tá cineálacha cur chuige nua forbartha ag CIAE chun faisnéis a bhailiú faoi na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú, trína ndéantar rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht luaineach agus trína ndéantar tuairisciú ar a bhfuil bainte amach ag a chuid gníomhaíochtaí go léir nuair a bhreathnaítear orthu ar fad le chéile. Ar an iomlán, táimid tagtha ar an gconclúid gur thuairiscigh tionscadail CIAE go ndearnadh go leor de na haschuir a bhí beartaithe a thabhairt i gcrích agus go ndearna siad a gcuspóirí a bhaint amach go pointe áirithe.

**VI** Bhí na tionscadail go léir a scrúdaíomar ag freagairt do riachtanais, ach ní i gcónaí a d'fhreagair siad do na riachtanais ba phráinní. Fuaireamar nach raibh anailís leordhóthanach déanta ag comhlachtaí rialaithe CIAE ar riachtanais na dtairbhithe, ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thacaíocht roimhe seo nó ar na rioscaí do chearta an duine, nó nár chuir na comhlachtaí rialaithe an méid sin san áireamh ar bhealach leordhóthanach. I gcomparáid le cabhair um fhorbairt a bhíodh ann roimhe sin, bhí sé d'aidhm ag CIAE a thacaíocht a dhíriú ar fhaisnéis fianaise-bhunaithe. Chuige sin, mhaoinigh CIAE foilsiú tuarascálacha atá bunaithe ar thaighde chun eolas a bhailiú maidir leis na rudaí a spreagann coinbhleachtaí, maidir le dinimic na gcoinbhleachtaí, maidir leis an imirce neamhrialta agus maidir leis an easáitiú. Foilsíodh go leor de na tuarascálacha sin, áfach, i dtreo deireadh théarma CIAE agus, dá bhrí sin, tá siad níos ábhartha don Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda a cuireadh ar bun in 2021.

**VII** Tá dúshláin ag baint leis an timpeallacht luaineach ina bhfeidhmíonn CIAE ó thaobh faireachán a dhéanamh ar thionscadail. Tá na chéad chéimeanna glactha ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí CIAE ar chearta an duine. Is foinse faisnéise nua iad tuarascálacha faireacháin ag tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach maidir le rioscaí do chearta an duine, ach níor léiríodh go ndearnadh obair leantach ar na tuarascálacha sin. Ina theannta sin, níl nósanna imeachta foirmiúla sainithe go fóill ag an gCoimisiún chun líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine a thuairisciú agus chun obair leantach a dhéanamh dá réir, ná níl aon treoraíocht phraiticiúil tugtha aige chun a shoiléiriú cad iad na cásanna ina bhféadfaí tacaíocht ón Aontas a chur ar fionraí.

**VIII** Sa bhreis ar an bhfaireachán traidisiúnta a dhéanann sé ar thionscadail, tá córas curtha ar bun ag CIAE chun na nithe atá bainte amach ag a ghníomhaíochtaí ar fad le chéile a thomhas. Déanann an córas faireacháin nua sin faisnéis ó thionscadail uile CIAE a chomhiomlánú, ach tá fadhbanna ag baint leis ó thaobh cruinneas sonraí. Sa bhreis air sin, níl dóthain sonraí fós ann chun a shuí an raibh tionscadail ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú.

**IX** Mairfidh CIAE go dtí 2025, ach tháinig deireadh le conraitheoireacht na gcistí le haghaidh oibríochtaí i Nollaig 2021. Leis an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, dírítear go pointe áirithe ar thionscnaimh a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú agus tá aidhmeanna ag an ionstraim sin atá cosúil le haidhmeanna CIAE. Is féidir lenár gconclúidí agus ár moltaí rannchuidiú leis sin nó le haon ghníomhaíochtaí forbraíochta a bheidh ann sa todhchaí.

**X** Bunaithe ar ár n-iniúchadh, tá roinnt moltaí á ndéanamh againn. Ós rud é go bhfuil an imirce go mór i gceist ar chlár gnó polaitiúil an Aontais, ba chóir na moltaí sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir. Ag féachaint do dheireadh CIAE agus/nó do ghníomhaíocht forbraíochta amach anseo, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

— spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar limistéir gheografacha agus ar thairbhithe a mhéadú;

— doiciméid CIAE a áireamh i lárstóras le go bhfeidhmeodh an lárstóras sin mar bhonn eolais le haghaidh gníomhaíochtaí amach anseo agus tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh le haghaidh doiciméid ghníomhaíochta;

— sainaithint rioscaí do chearta an duine a neartú agus gníomhaíocht mhaolúcháin a dhéanamh;

— feabhas a chur ar chruinneas na nithe atá bainte amach de réir mar atá siad tuairiscithe.

# Réamhrá

**01** I nDeireadh Fómhair 2015[1], bhunaigh an Coimisiún Eorpach Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh (CIAE) don chobhsaíocht, ina dtugtar aghaidh ar na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le daoine easáitithe san Afraic. Is tréimhse thosaigh cúig bliana a bhí i gceist leis an gCiste. Tá CIAE ar cheann de cheithre chiste iontaobhais atá á riar ag an gCoimisiún. Is é atá mar aidhm leo ná ról an Aontais a neartú i ngníomhaíocht éigeandála, i ngníomhaíocht iar-éigeandála nó i ngníomhaíocht a bhaineann go sonrach le saincheist ar leith ('téamach'), go háirithe trí bhuntáistí scálaithe a chur ar fáil nuair a chomhthiomsaítear iad le hacmhainní eile[2]. Cruthaíodh CIAE i lár ghéarchéim imirce 2015 mar ionstraim chun freagairt Bhallstáit an Aontais a chomhordú leis an bhfreagairt a bhí á dhéanamh ag rannchuiditheoirí eile, ag tíortha comhpháirtíochta san Afraic agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta.


**02** Is é cuspóir foriomlán CIAE ná aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna éagsúla i dtrí réigiún den Afraic, nó ar 'réimsí cabhrach' geografacha (féach ***Fíor 1***): an tSaiheil agus Loch Shead (SLS), Corn na hAfraice (CnaA), agus Tuaisceart na hAfraice (TnaA). Tá sé mar aidhm ag CIAE tacaíocht a thabhairt i ndáil le gach gné den chobhsaíocht, rannchuidiú le bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce agus aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le díchobhsú, le heasáitiú éigeantais agus le himirce neamhrialta – go háirithe trí athléimneacht, deiseanna eacnamaíocha, comhdheiseanna, slándáil agus forbairt a chur chun cinn, agus trí aghaidh a thabhairt ar sáruithe ar chearta an duine[3].

[1] Cinneadh (C(2015)7293) ón gCoimisiún.

[2] Aithris 68 agus Airteagal 187 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 agus Airteagal 234 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046.

[3] Airteagal 2 de Chomhaontú Bunaitheach CIAE.

### Fíor 1 – Scóip gheografach CIAE agus na cistí atá geallta, 2015-2023




*Nóta:* Ní thugann na teorainneacha agus na hainmneacha a thaispeántar ar an léarscáil le tuiscint go bhfuil siad sin faofa go hoifigiúil ag na Náisiúin Aontaithe ná go nglacann na Náisiúin Aontaithe leo.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí airgeadais an Choimisiúin. Baineann formhór mór na gcistí go sonrach le réimse cabhrach, ach úsáidtear 4 % i réimsí cabhrach éagsúla (trasréimse).


**03** Le Comhaontú Bunaitheach CIAE, bunaíodh dhá chomhlacht rialaithe, a bhfuil gach aon cheann díobh comhdhéanta d'ionadaithe ón gCoimisiún, ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), ó Bhallstáit an Aontais agus ó dheontóirí eile, agus a mbíonn ionadaithe ó thíortha comhpháirtíochta san Afraic agus ó eagraíochtaí réigiúnacha ag fónamh mar bhreathnóirí iontu.

- Mar a thugann a ainm le fios, tá an Bord Straitéiseach freagrach as cuspóirí agus tosaíochtaí uileghabhálacha CIAE a leagan síos. Tagann sé le chéile uair sa bhliain de ghnáth.

- Tagann an coiste oibríochtúil le chéile i seisiúin ar leith do gach aon cheann de na trí réimse cabhrach gheografacha chun gníomhaíochtaí a chistítear faoi CIAE a scrúdú agus a fhormheas.

- Is é an Coimisiún (AS INTPA agus AS NEAR) a bhainistíonn CIAE agus, dá réir sin, is air atá an fhreagracht as na gníomhaíochtaí comhaontaithe a chur chun feidhme. I ***bhFíor 2***, tugtar léiriú ar an bpróiseas ó phleanáil straitéiseach go tuairisciú.

**Fíor 2 – CIAE, ó straitéis go tuairisciú**




*Foinse:* CIE.

**04** I Samhain 2015, ghlac an Bord doiciméad dar teideal ‘Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach[4]’ ina sainítear na cuspóirí straitéiseacha seo a leanas le haghaidh gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le fáil acu ó CIAE:

(a) deiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta níos fearr;


(b) athléimneacht na bpobal a neartú, go háirithe na pobail is leochailí atá, chomh maith le dídeanaithe agus daoine easáitithe;

(c) feabhas a chur ar bhainistiú imirce i dtíortha tionscnaimh, i dtíortha idirthurais agus i dtíortha cinn scríbe; agus

(d) rialachas feabhsaithe agus cosc coinbhleachtaí, chomh maith le heasáitiú éigeantais agus imirce neamhrialta a laghdú.

**05** Trí CIAE, thacaigh an tAontas le 27 dtír trí bhíthin 933 chonradh faoi 248 gclár. Cé gur €1.8 billiún a bhí sa dearlaic thosaigh, go dtí seo tá ranníocaíochtaí d’os cionn €5 bhilliún faighte ag CIAE. Is aistrithe ón gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF) agus ó bhuiséad an Aontais a bhí sa chuid is mó de sin (€4.4 billiún, nó 88 % den iomlán). Tháinig €623 mhilliún eile (12 %) ó Bhallstáit an Aontais, ón Ríocht Aontaithe, ón Iorua agus ón Eilvéis (féach ***Fíor 3***).

### Fíor 3 – Foinsí chistiú CIAE amhail i Nollaig 2023




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí airgeadais an Choimisiúin.

4 Doiciméad do Threoshuíomh Straitéiseach CIAE.

**06** Mura rud é gur shonraigh deontóir a mhalairt, leithdháil an Coimisiún na ranníocaíochtaí go léir sna cóimheasa seo a leanas, a comhaontaíodh leis na rannchuiditheoirí roimh ré:

- 40 % do réimse cabhrach na Saiheile agus Loch Shead;
- 40 % do réimse cabhrach Chorn na hAfraice;
- 20 % do réimse cabhrach Thuaisceart na hAfraice.

**07** Toisc go gcaitheann cistiú an Aontais a bheith de réir scóip théamach agus gheografach gach aon ionstraime cistiúcháin, áfach, agus toisc gur iarr deontóirí uaireanta go n-úsáidfí a gcistí le haghaidh rud ar leith (cur i leataobh), leithdháileadh an sciar is mó den chistiú ar réimse cabhrach SLS (féach ***Tábla 1***). Faoi Nollaig 2023, bhí suim iomlán de €4 508 mhilliún íoctha amach ag CIAE. Clúdaíonn sé sin 1.5 % de chostais riaracháin. Ag deireadh 2023, bhí an leithdháileadh beagnach curtha i gcrích, ach bhí cistí fós ar fáil le haghaidh iniúchtaí, meastóireachtaí agus faireacháin.

### Tábla 1 – Ranníocaíochtaí, gealltanais agus íocaíochtaí CIAE de réir réimse cabhrach (i milliúin euro) faoi Nollaig 2023

| | Gan bheith curtha i leataobh | Curtha i leataobh | Iomlán na ranníocaíochtaí | Geallta | Íoctha |
|---|---|---|---|---|---|
| An tSaiheil agus Loch Shead | 54 | 2 228 | 2 281 (45 %) | 2 070 | 1 952 |
| Corn na hAfraice | 54 | 1 805 | 1 860 (37 %) | 1 774 | 1 555 |
| Tuaisceart na hAfraice | 27 | 894 | 921 (18 %) | 867 | 808 |
| Trasréimse | | | N/B[1] | 198 | 193 |
| **Iomlán** | **135** | **4 926** | **5 062** | **4 909** | **4 508**[1] |

[1] Cé gur leithdháileadh na cistí ar gach aon cheann de na trí réimse cabhrach, úsáideadh cuid bheag d’iomlán na gcistí (4 %) le haghaidh gníomhaíochtaí i ngach uile cheann de na trí réimse cabhrach (trasréimse)


*Foinse:* CIE, bunaithe ar thuarascálacha bliantúla CIAE.

**08** In 2022, bhí níos mó ná aon trian de dhaonra iomlán dídeanaithe an domhain ina gcónaí san Afraic fho-Shahárach[5]. Tá cóimheá dhiúltach imirce ag tromlach na dtíortha fo-Shahártacha: tá níos mó daoine ag teacht isteach sa tír ná mar atá ag imeacht as an tír. Cé go bhfuil easáitiú inmheánach coitianta, tá an tSaiheil ar cheann de na bealaí idirthurais is minice a bhíonn in úsáid ag imircigh a bhíonn ag taisteal go dtí an Eoraip.

**09** Tá na sreabha imirce ón Afraic chuig an Aontas seal ag méadú agus seal ag laghdú le himeacht na mblianta, agus bhí buaicphointe ann in 2014-2016. I ndiaidh laghdú ar an imirce le linn phaindéim COVID-19, tá méadú leanúnach tagtha arís ar na figiúirí don imirce neamhrialta chun na hEorpa. Is iondúil go dtagann imircigh Afracacha chun na hEorpa tríd an Meánmhuir (bealach na Meánmhara Thiar, bealach na Meánmhara Láir agus bealach na Meánmhara Thoir) agus trí bhealach na hAfraice Thiar. Is é bealach na Meánmhara Láir tríd an Afraic Thuaidh an príomhbhealach a leantar chun na hEorpa, agus ina dhiaidh baintear úsáid as bealach na Mheánmhara Thiar ó thíortha na Saiheile (féach ***Fíor 4***).

[5] Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, Aimsitheoir Sonraí Dídeanaithe.


## Fíor 4 – Bealaí imirce agus trasnuithe neamhrialta a braitheadh ón Afraic go dtí an Eoraip




*Foinse:* CIE, bunaithe ar staitisticí atá foilsithe ag Frontex.

**10** Is ón Áise agus ón Meánoirthear a thagann formhór na n-imirceach neamhrialta a thagann isteach san Aontas (féach ***Fíor 5***). Baineann na himircigh sin úsáid as Bealach an Oirthir trí na Balcáin den chuid is mó, ach téann go leor acu tríd an Afraic agus úsáideann siad bealach na Meánmhara Láir.

## Fíor 5 – Na deich dtír thionscnaimh is mó as a dtagann imircigh a thrasnaíonn go neamhrialta chuig an Aontas, 2016-2023




*Foinse:* CIE, bunaithe ar staitisticí atá foilsithe ag Frontex. Tagraíonn na sonraí do thrasnuithe teorann neamhrialta a braitheadh seachas do líon iomlán na n-imirceach, ós rud é go bhféadfaidh an duine céanna an teorainn sheachtrach a thrasnú roinnt uaireanta.

**11** Is trí bhealach na hAfraice Thiar, bealach na Meánmhara Thiar agus bealach na Meánmhara Láir a thagann an chuid is mó díobh siúd ó thíortha na hAfraice a bhíonn ag trasnú na farraige. In ord laghdaitheach, is iad seo a leanas na deich dtír thionscnaimh is mó as ar tháinig imircigh neamhrialta a tháinig isteach san Aontas ón Afraic ó 2016 go 2023: Maracó, an Túinéis, an Ghuine, an Cósta Eabhair, an Ailgéir, an Nigéir, an Bhanglaidéis, an Éigipt, tíortha fo-Shaháracha (neamhshonraithe) agus Mailí.

**12** Socraíodh gurb é deireadh 2025 an dáta deiridh chun CIAE don Afraic a chur chun feidhme, ach stop CIAE cistí conarthacha le haghaidh oibríochtaí ag deireadh Nollaig 2021. Is é atá mar aidhm ag an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (ICFCI-An Eoraip Dhomhanda), a bunaíodh in 2021, áfach, ná 10 % dá caiteachas a thiomnú do thionscnaimh a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú agus ar tionscnaimh iad a bhfuil aidhmeanna acu atá cosúil le haidhmeanna CIAE.

**13** Is é an sainmhíniú a thugann ECFE ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) ná cabhair arb é is príomhchuspóir di ná forbairt eacnamaíoch agus leas na dtíortha i mbéal forbartha a chur chun cinn. Ceann de threoirphrionsabail ODA is ea nár cheart comhar um fhorbairt a úsáid chun clár gnó náisiúnta imirce an deontóra a bhrú chun cinn. Ina theannta sin, tá maoiniú le haghaidh seirbhísí nó trealamh míleata eisiata go ginearálta ó thuairisciú ODA. Caitheann ranníocaíochtaí CIAE déanamh de réir na rialachán AE is infheidhme, lena n-áirítear rialacha maidir le ODA.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**14** San iniúchadh feidhmíochta seo, scrúdaíomar an raibh fócas CIAE ag díriú na tacaíochta ar a aidhmeanna a bhaint amach i.e. aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú éigeantais san Afraic, ach fós go raibh cúram cuí á dhéanamh aige do chearta an duine.

**15** Ós rud é go bhfuil an imirce go mór i gceist i gcónaí ar chlár gnó polaitiúil an Aontais, agus nach raibh an ciste i bhfad curtha ar bun agus go raibh na tionscadail fós ina dtús nuair a rinneamar ár n-iniúchadh roimhe seo ar an ábhar[6], chinneamar obair leantach a dhéanamh ar na moltaí a rinneamar an uair úd (féach ***Iarscríbhinn I***) agus torthaí na dtionscadal a bhí curtha i gcrích nó a raibh dul chun cinn maith déanta acu a sheiceáil. In iniúchadh 2018 ar CIAE, thángamar ar an gconclúid gur uirlis sholúbtha a bhí ann ach fós gur cheart fócas níos fearr a bheith ina dhearadh. Leis an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, dírítear go pointe áirithe ar thionscnaimh a bhaineann leis an imirce agus leis an easáitiú agus tá aidhmeanna ag an ionstraim sin atá cosúil le haidhmeanna CIAE. Is féidir lenár gconclúidí agus ár moltaí rannchuidiú leis sin nó le haon ghníomhaíochtaí forbraíochta a bheidh ann sa todhchaí.

**16** San iniúchadh seo, rinneamar measúnú féachaint:

- an raibh na ceithre mholadh a rinneamar i dTuarascáil speisialta 32/2018 uainn curtha chun feidhme ag an gCoimisiún, agus go háirithe ar mhol an Coimisiún go ndéanfadh an Bord athbhreithniú ar straitéis CIAE agus an raibh na cinntí cistiúcháin spriocdhírithe go maith;
- ar thug an Coimisiún aird chuí ar chearta an duine nuair a bhí tacaíocht á cur ar fáil aige; agus
- an ndearnadh faireachán éifeachtach ar thorthaí CIAE, an ndearnadh tuairisciú cruinn orthu agus an raibh siad inbhuanaithe.

---

[6] Tuarascáil speisialta 32/2018.

**17** Mar chuid dár gcuid oibre, rinneamar athbhreithniú deisce ar fhianaise dhoiciméadach, mar iad seo a leanas: doiciméid don chlársceidealú; tuarascálacha ar an dul chun cinn, tuarascálacha faireacháin agus tuarascálacha meastóireachta tionscadal; staidéir agus tuarascálacha taighde; doiciméadacht tionscadail; tuarascálacha misin na dtoscaireachtaí agus na ceanncheathrún; comhfhreagras; agus miontuairiscí ar chruinnithe. Chlúdaigh an iniúchóireacht an tréimhse ó bhunú CIAE ag deireadh 2015 go dtí Nollaig 2023.

**18** Roghnaíomar tír amháin ar a laghad as gach réimse cabhrach réigiúnach (an Aetóip do CnaA, an Ghaimbia agus an Mháratáin do SLS, an Libia agus an Túinéis do TnaA) le haghaidh cuairteanna ar an bhfód. Bhí ár gcritéir roghnúcháin bunaithe ar ábharthacht gach tíre agus ar a staid slándála, chomh maith le riachtanais lóistíochta agus acmhainní. Rinneamar sampláil ar 16 thionscadal, a bhí ag freagairt do chúig thionscadal ar a laghad in aghaidh an réimse cabhrach, agus chuireamar tionscadal réigiúnach amháin ar a laghad san áireamh in aghaidh an réimse cabhrach. Chun na tionscadail a roghnú, bhí aird againn ar ábharthacht agus líon na n-aschur a bhí tuairiscithe i gcóras faireacháin agus foghlama EUTF (féach ***Iarscríbhinn II***). Mar obair leantach ar an moladh a rinneamar roimhe seo maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, rinneamar sampláil ar 11 dhoiciméad gníomhaíochta a glacadh i Nollaig 2018 nó ina dhiaidh sin: ceann amháin ó gach aon tír ar thugamar cuairt uirthi agus péire ó gach aon réimse cabhrach (féach ***Iarscríbhinn III***).

**19** Chuireamar daoine den fhoireann in SEGS, sa Choimisiún (AS INTPA, AS NEAR, AS ECHO, AS HOME, Frontex, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde) agus i bParlaimint na hEorpa faoi agallamh, ach bhí agallaimh freisin againn le tairbhithe, le feidhmeoirí tionscadail, le heagraíochtaí den tsochaí shibhialta, le ECFE agus le seacht gcinn de rannchuiditheoirí CIAE.

**20** Rinne toscaireachtaí AE sna tíortha ar thugamar cuairt orthu gach iarracht freastal ar na hiarrataí a rinneamar. Ní rabhamar in ann cuairt a thabhairt ar gach ceann de na tairbhithe agus na tionscadail a bhí roghnaithe dár sampla againn, áfach, mar nach raibh na feidhmeoirí tionscadail, an toscaireacht AE nó an tairbhí in ann dul chomh fada leis na tairbhithe sa sampla, nár deonaíodh na húdaruithe dúinn chun cuairt a thabhairt ar an áitreabh nó mar gheall ar shrianta ama agus slándála. Bhí cúig cinn d’fheidhmeoirí tionscadail ann nár thug an fhaisnéis go léir a d’iarramar orthu dúinn (i measc na nithe a bhí ar iarraidh bhí: sonraisc; liostaí tinrimh; agus ainmneacha na dtairbhithe). Bhí tionchar ag na fadhbanna sin ar leath na dtionscadal sa sampla. Mar thoradh air sin, ní rabhamar in ann cruinneas ná inbhuanaitheacht na n-aschur tuairiscithe a sheiceáil le haghaidh codanna dár sampla.

**21** Bhailíomar fianaise freisin trí shuirbhé i modh rúin a seoladh chuig 176 dhuine den fhoireann sna toscaireachtaí AE a chuireann CIAE chun feidhme. Ba é cuspóir an tsuirbhé i modh rúin sin ná faisnéis chomhlántach a fháil maidir le dearadh, cur chun feidhme agus obair leantach na ngníomhaíochtaí tionscadail agus freisin maidir le líon na líomhaintí féideartha maidir le sáruithe ar chearta an duine a tuairiscíodh i ngach uile thír a chuireann tionscadail CIAE chun feidhme. Ba é 52 % an ráta freagartha (91 fhreagra, lena n-áirítear 84 ó oifigigh chláir CIAE). Níor seoladh an suirbhé chuig foireann na ceanncheathrún atá freagrach as tionscadail réigiúnacha agus TnaA, ós rud é go raibh sé i gceist againn aiseolas a fháil ó na toscaireachtaí agus faisnéis a bhailiú ar an bhfód faoi chur chun feidhme thionscadail CIAE.

# Barúlacha

## Bhí straitéis CIAE fós leathan, agus – cé go raibh an tacaíocht solúbtha – ní raibh spriocdhíriú leordhóthanach déanta ar na roghanna cistiúcháin

### Bhí cuspóirí CIAE fós róleathan agus ní raibh ach tionchar teoranta ag tuarascálacha taighde ar straitéis CIAE

**22** Don roinn seo den tuarascáil, scrúdaíomar – mar fhreagairt ar cheann de na moltaí a rinneamar roimhe seo agus ar ghlac an Coimisiún leis[7] – ar bhain an Coimisiún úsáid as aschuir na Saoráide Taighde agus Fianaise (féach ***Bosca 1***) agus as na ceachtanna a foghlaimíodh chun a mholadh don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí agus tosaíochtaí CIAE. Ansin seiceálamar an bhfuil na cuspóirí agus tosaíochtaí athbhreithnithe sin níos sonraí agus an féidir iad a bhaint amach. In ***Iarscríbhinn I***, tugtar léiriú ar stádas chur chun feidhme na moltaí go léir a rinneamar i dtaca le EUTF.

[7] Tuarascáil speisialta 32/2018, moladh 1.

**Bosca 1**

**Is tacar uirlisí nua í Saoráid Taighde agus Fianaise CIAE le haghaidh measúnú ar riachtanais, sainiú fadhbanna agus anailís ar chomhthéacsanna**

Luaitear sa Chomhaontú Bunaitheach go gcaithfidh cur chuige soiléir atá bunaithe ar fhianaise a bheith mar bhonn taca le straitéis CIAE. Sa Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach, tugadh gealltanas go ndéanfadh CIAE taighde agus anailís ar chistiú i gcomhthéacs na himirce ionas – go háirithe – go bhfónfadh an taighde agus anailís sin mar bhonn eolais do bheartais agus oibríochtaí de réir na húsáide a bhaintear as cistí CIAE. Rinneadh an tSaoráid Taighde agus Fianaise (STF) a chur ar bun mar uirlis nua chun an gealltanas sin a chur i bhfeidhm.

I Nollaig 2015, d'fhormheas Coiste Oibríochtúil CnaA an chéad doiciméad gníomhaíochta a bhí le húsáid a bhaint as STF. Ba é an cuspóir foriomlán a bhí leis ná: 'feabhas a chur ar an eolas agus ar an tuiscint ar na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le heaspa slándála, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú éigeantais ar feadh na bpríomhbhealaí imirce, ar na rudaí a spreagann an imirce agus ar na buntosca, chomh maith le hanailís agus craobhscaoileadh a dhéanamh ar na beartais agus na cineálacha cur chuige is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt orthu agus iad a laghdú agus chun bainistiú imirce a fheabhsú'.

Is é atá mar aidhm ag STF ná fianaise níos fearr a chur ar fáil do CIAE chun cabhrú leis gníomhaíochtaí agus tionscadail iomchuí a shainaithint agus a chur chun feidhme. Cinntíonn sé gur féidir airgead a chaitheamh ar mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais tionscadail sula ndéantar doiciméid ghníomhaíochta a fhormheas.

**23** Fuaireamar, ó bunaíodh CIAE, nár nuashonraigh an Bord riamh an Comhaontú Bunaitheach (seachas fadú de bhliain a chur leis an tréimhse oibríochtúil go dtí an 31 Nollaig 2021[8]) ná an Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach.

**24** Á aithint dó go raibh ganntanas acmhainní ar CIAE, d'fhormheas an Bord critéir thosaíochta do na trí réimse cabhrach in Aibreán 2018[9]. Níor fhreagair an Coimisiún dó sin, áfach, trí fhócas nua a lua le cuspóirí agus tosaíochtaí foriomlána CIAE. Go deimhin, tá na cuspóirí agus tosaíochtaí sin fós mar atá siad sainithe sa Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach (féach mír ***04***). Ghlac an Coimisiún le critéir thosaíochta 2018 an Bhoird (féach ***Fíor 6***) mar chiseal breise de threoraíocht a bhí ina léiriú ar riachtanais shíorathraitheacha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn.

---

8 Cinneadh C(2020) 8701 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2020.

9 Miontuairiscí ón gceathrú cruinniú de Bhord CIAE.

## Fíor 6 – Critéir thosaíochta an Bhoird

| Tosaíochtaí don tSaiheil agus Loch Shead agus do Chorn na hAfraice | Tosaíochtaí do Thuaisceart na hAfraice |
|---|---|
| Filleadh agus Ath-imeascadh | Bainistiú comhtháite teorainneacha |
| Bainistiú dídeanaithe (creat cuimsitheach um fhreagairt do dhídeanaithe) | Cosaint d'imircigh leochaileacha |
| Doiciméid agus clárlann shibhialta a chur i riocht slán | Imirce lucht saothair |
| Bearta in aghaidh na gáinneála | Filleadh deonach agus ath-imeascadh inbhuanaithe |
| Iarrachtaí riachtanacha cobhsaíochta sa tSomáil, sa tSúdáin agus sa tSúdáin Theas agus, faoi réir acmhainní, sa tSaiheil | Cobhsú sa phobal (lena n-áirítear trí thacaíocht do bhardais ar feadh na mbealaí imirce) |
| Idirphlé maidir leis an imirce (an Ghaimbia, an Aetóip). | |

*Foinse:* Miontuairiscí ón gceathrú cruinniú de Bhord CIAE.

**25** Lean réimse cabhrach TnaA de thosaíocht a thabhairt don chuspóir straitéiseach dá ngairtear 'bainistiú feabhsaithe imirce' (féach mír ***04***), ach níor leagadh síos tosaíochtaí sonracha le haghaidh réimsí cabhrach SLS agus CnaA. Fiú amháin i ndiaidh Aibreán 2018, lean na Coistí Oibríochtúla de dhoiciméid ghníomhaíochta a ghlacadh a bhí ailínithe leis na ceithre chuspóir straitéiseacha uileghabhálacha, ach nach raibh ailínithe leis na cuspóirí sin a bhí leagtha síos ag an mBord.

**26** Dá réir sin, is beag a bhí athbhreithniú an Bhoird ar na critéir thosaíochta ag imirt tionchair ar dhearadh na ndoiciméad gníomhaíochta a formheasadh i ndiaidh Aibreán 2018. Fuaireamar i gcás 32 as na 105 dhoiciméad gníomhaíochta a formheasadh ón dáta sin i leith, nach raibh siad ag teacht go hiomlán le critéir thosaíochta 2018 (féach an sampla i ***mBosca 2***).

## Bosca 2

### Sampla de dhoiciméid ghníomhaíochta nach raibh ag teacht go hiomlán le critéir thosaíochta 2018

Bhí sé mar aidhm ag doiciméad gníomhaíochta amháin faoi SLS go ndéanfaí stáisiún raidió a chur ar bun sa tSaiheil chun tuairimí an aosa óig a chur chun cinn. Ach i ndáiríre, is ceol den chuid is mó atá á chraoladh ag an stáisiún nua. Rinneadh an doiciméad a fhormheas mar fhreagairt ar an gcuspóir straitéiseach dá ngairtear 'rialachas feabhsaithe agus coinbhleachtaí a chosc' (féach mír ***04***). Tá sé deacair, áfach, nasc a aimsiú leis na critéir thosaíochta de réir a n-athbhreithnithe ag an mBord in 2018, arb iad sin:

1. filleadh agus ath-imeascadh;

2. bainistiú dídeanaithe (creat cuimsitheach um fhreagairt do dhídeanaithe);


3. doiciméid agus clárlann shibhialta a chur i riocht slán;

4. dícheall bunriachtanach cobhsaíochta sa tSomáil, sa tSúdáin, sa tSúdáin Theas agus, faoi réir acmhainní, sa tSaiheil; agus

5. idirphlé maidir leis an imirce (an Ghaimbia, an Aetóip).

**27** Fuaireamar freisin, mar a bhfuil cur síos againn air i dTuarascáil speisialta 32/2018, gur coinníodh cuspóirí agus tosaíochtaí CIAE chomh leathan is a d'fhéadfaí, ionas go bhféadfaí an chuid is mó de na cineálacha gníomhaíochtaí a mheas mar ghníomhaíochtaí incháilithe. Measann an Coimisiún go bhfuil cóimheá i dtacaíocht CIAE, agus tagraíonn sé do na ceithre chuspóir straitéiseacha (rinneadh 17 % den mhaoiniú a leithdháileadh ar dheiseanna eacnamaíocha agus fostaíochta níos fearr, 28 % ar athléimneacht na bpobal a neartú, 31 % ar bhainistiú feabhsaithe imirce agus 22 % ar rialachas feabhsaithe agus ar chosc coinbhleachtaí)[10]. Níl cóimheá choibhéiseach le sonrú, áfach, i measc na dtosaíochtaí atá sainithe ag an mBord (féach ***Fíor 7*** agus ***Fíor 8***). Anuas air sin, níl aon treoraíocht ann maidir le cé acu de na tosaíochtaí sin ar cheart tús áite a thabhairt dóibh. Mar thoradh air sin, leanadh de chistiú a leithdháileadh go díréireach ar raon leathan gníomhaíochtaí forbraíochta, daonnúla agus slándála faoi thosaíocht SLS/CnaA dá ngairtear 'dícheall bunriachtanach cobhsaíochta sa réigiún' agus faoi thosaíocht TnaA dá ngairtear 'cosaint d'imircigh leochaileacha, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe, agus cobhsú sa phobal'. Tá an chobhsaíocht bunriachtanach agus is féidir aghaidh a thabhairt uirthi san iliomad earnálacha (oideachas, fostaíocht, slándáil, gníomhaíochtaí cothaithe síochána, rialachas, cothú, etc.) agus is féidir í a mhaoiniú trí ionstraimí eile de chuid an Aontais. Ní tosaíocht shonrach de chuid CIAE í.

## Fíor 7 – Meastachán ar an gcaoi ar sannadh gealltanais SLS agus CnaA do chritéir thosaíochta CIAE de réir mar atá siad athbhreithnithe ag an mBord





*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid ghníomhaíochta CIAE a formheasadh ó Aibreán 2018.

---

[10] Tuarascáil bhliantúil 2023 EUTR, lch. 19.


### Fíor 8 – Meastachán den chaoi ar sannadh gealltanais TnaA do chritéir thosaíochta CIAE arna n-athbhreithniú ag an mBord




*Foinse:* CIE, bunaithe ar dhoiciméid ghníomhaíochta CIAE a formheasadh ó Aibreán 2018.

**28** Ní shonraítear sa Chomhaontú Bunaitheach, sa Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach ná sa chreat oibríochtúil conas ba cheart cistiú a leithdháileadh de réir réimse cabhrach, tíre nó tosaíochta. In ainneoin gur chomhaontaigh coiste oibríochtúil CnaA go bhféadfaí bogadh ó leithdháiltí tíre agus díriú isteach ar phríomhtháscairí a bhfuil gné a bhaineann leis an imirce ag roinnt leo, ní raibh leithdháileadh cistiúcháin CIAE bunaithe ar tháscairí a bhaineann go sonrach leis an imirce amhail líon na n-imirceach neamhrialta atá ag teacht isteach san Aontas Eorpach (féach ***Fíor 9***), líon na ndaoine atá easáitithe ina dtír féin nó méid an phobail imirceach atá á n-óstáil.


### Fíor 9 – Na deich dtír thionscnaimh is mó as a dtagann imircigh neamhrialta atá ag teacht isteach san Aontas trí bhealach na hAfraice Thiar, trí bhealach na Meánmhara Thiar agus trí bhealach na Meánmhara Láir (2016-2023), agus an céatadán de chistiú CIAE a fuarthas




*Foinse:* CIE, bunaithe ar íocaíochtaí Frontex agus CIAE. Tagraíonn na sonraí do thrasnuithe teorann neamhrialta a braitheadh seachas do líon iomlán na n-imirceach, ós rud é go bhféadfaidh an duine céanna an teorainn sheachtrach a thrasnú roinnt uaireanta.

**29** I gcomparáid le cabhair um fhorbairt a bhíodh ann roimhe sin, bhí sé d'aidhm ag CIAE a thacaíocht a dhíriú ar fhaisnéis fianaise-bhunaithe. D'fhorbair CIAE na STFanna chun faisnéis a bhailiú faoi na nithe ba chúis le coinbhleachtaí agus dinimic na gcoinbhleachtaí, faoin imirce neamhrialta agus faoin easáitiú, ach ní bhfuaireamar fianaise ar bith a thabharfadh le fios go raibh tuarascálacha STF agus na tuarascálacha maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ag fothú go díreach isteach i straitéis CIAE. Cosúil leis an meastóireacht mheántéarma ar CIAE, níor tháinig formhór mór na dtuarascálacha sin chun bheith ar fáil go dtí go raibh beagnach gach cuid den chistiú geallta cheana féin (€4.4 billiún faoi Nollaig 2019), agus mar sin is tionchar teoranta amháin a d'fhéadfadh a bheith acu ar thionscadail CIAE (féach ***Fíor 10***).

## Fíor 10 – Infhaighteacht thuarascálacha STF agus formheas na dtosaíochtaí agus na bhfochuspóirí is déanaí le haghaidh CIAE




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí airgeadais an Choimisiúin, miontuairiscí Bhord CIAE agus an Choiste Oibríochtúil, tuarascálacha STF agus tuarascálacha ar na ceachtanna a foghlaimíodh.

## Sásra níos tapa chun cinntí maoiniúcháin a dhéanamh ach gan cuntas a dhóthain ar na ceachtanna a foghlaimíodh ná ar ghrinnmheasúnuithe riachtanas

**30** Sa Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach, leagtar síos gur cheart idirghabhálacha CIAE a bheith bunaithe ar thuiscint dhomhain ar chomhthéacsanna áitiúla[11]. Is é atá mar aidhm leis sin ná a chinntiú go mbeadh cruinneas níos fearr ann nuair a bhítear ag glacadh cinntí faoin áit a bhfuil infheistíochtaí le déanamh (e.g. réigiúin ina bhfuil coinbhleacht nó a bhfuil riosca méadaitheach ann go mbeidh coinbhleacht iontu nó go dtarlaíonn/dtarlódh easáitiú éigeantais nó gáinneáil nó smuigléireacht iontu; ceantair atá gann i seirbhísí sóisialta agus deiseanna; na réigiúin as a dtagann imircigh neamhrialta), faoi cé a thairbheodh den infheistíocht (e.g. daoine óga i mbaol) agus faoi cé hiad na feidhmeoirí tionscadail (áitiúil, náisiúnta, réigiúnach nó idirnáisiúnta) ar féidir na cuspóirí a chur chun cinn ar bhealach níos fearr leo i gcomhthéacs ar leith. Chomh maith le féachaint ar na critéir sin, sheiceálamar ar cuireadh idirghabhálacha CIAE chun feidhme go pras chun freagairt don ghéarchéim agus an raibh bonn cirt le hionstraim éigeandála a úsáid.

**Faoi rialacha CIAE bhíothas in ann cinntí a dhéanamh go tapa; bhí cur amach ar conradh níos moille, ach fós bhí sé réasúnach**

**31** Bhí os cionn leath d'oifigigh chláir CIAE inár suirbhé ag aontú nó ag aontú go láidir go bhféadfaí gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó CIAE a chistiú trí ionstraimí eile de chuid an Aontais. Thagair siad do ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith cáilithe freisin do chistiú déthaobhach nó réigiúnach faoi CEF, faoin Ionstraim lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin nó faoin Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt, nó a d'fhéadfadh a bheith cáilithe do thacaíocht ó AS ECHO.

**32** Fuaireamar, áfach, go bhfuil CIAE níos solúbtha agus níos inoiriúnaithe do chásanna éigeandála amhail paindéim COVID-19. D'úsáid an Coimisiún CIAE freisin i líon teoranta tíortha nach raibh sé indéanta cistiú a dhéanamh iontu faoi CEF mar gheall nach raibh comhaontú polaitiúil ann.

[11] Doiciméad do Threoshuíomh Straitéiseach CIAE. Roinn 2. Prionsabail na hIdirghabhála (lch. 10).

**33** I dTuarascáil 2018 uainn, fuaireamar go dtugann CIAE deis bhreise chun freagairt níos tapa a dhéanamh, ós rud é gur laghdaigh sé an t-am atá ag teastáil chun gníomhaíochtaí a shainaithint agus a fhoirmliú agus ansin conarthaí a dhámhachtain[12]. Fuaireamar, áfach, go ndearnadh cúig cinn de na tionscadail inár sampla a chur amach ar conradh go han-tapa (i.e. laistigh de dhá mhí tar éis formheas a fháil ón gCoiste Oibríochtúil) ach gur thóg sé i bhfad níos faide conradh a dhéanamh i gceithre chás eile (14 mhí ar an meán). Cuireadh na seacht dtionscadal eile amach ar conradh laistigh de thréimhse réasúnta ama de thart ar 6 mhí. Fuaireamar freisin i gcás 11 dhoiciméad gníomhaíochta a formheasadh tar éis an athbhreithnithe ar na critéir thosaíochta in 2018, gurbh éigean iad a chur ar ceal ina dhiaidh sin toisc nárbh fhéidir na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe leo a chur chun feidhme.

**Níor baineadh úsáid leordhóthanach as na ceachtanna a foghlaimíodh roimhe sin nuair a bhí gníomhaíochtaí CIAE á ndearadh**

**34** Tá na doiciméid ghníomhaíochta ceaptha tuairisc ghinearálta a thabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail roimhe sin, chomh maith leis an gcomhthéacs ginearálta a mhíniú agus ráiteas a thabhairt maidir le riachtanais shonracha. I ngach doiciméad gníomhaíochta, ach ceann, inár sampla, bhí roinn shonrach iontu maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, ach níor tagraíodh do dhúshláin, do ghaistí, do mholtaí ná do dhea-chleachtais eiseamláireacha. Bhí na ranna gearr (laistigh den uasmhéid de leathleathanach a iarradh) agus sách ginearálta. Níor leagadh béim ar na ceachtanna a foghlaimíodh le haghaidh gníomhaíochtaí comhchosúla i dtíortha éagsúla. Sa bhreis air sin, ní dhearnadh na ceachtanna a foghlaimíodh a shníomh isteach go córasach i ndearadh tionscadail (féach ***Bosca 3***).

[12] Tuarascáil speisialta 32/2018, Fíor 3.

### Bosca 3

### Sampla de cheachtanna a foghlaimíodh nach ndearnadh obair leantach leordhóthanach orthu

I ndoiciméad gníomhaíochta SLS amháin, tugadh an méid seo a leanas chun suntais: 'ceann de na ceachtanna a foghlaimíodh san obair leis an óige, le daoine fásta óga agus le hiar-imircigh is ea go bhféadfadh sé nach mbeadh athléimneacht níos fearr i leith na himirce neamhrialta ann go huathoibríoch mar thoradh ar mhéaduithe suntasacha san ioncam ach go bhféadfadh sé go deimhin a bheith ina chúis le riosca gur pleananna "suanacha" don imirce neamhrialta a bheadh ann – mar gheall ar na costais arda atá i gceist agus mar gheall ar chomh láidir is atá an dearcadh gurb í an imirce "go deimhin" an réiteach le haghaidh rath agus todhchaí níos fearr, in ainneoin gurb eol go maith cad iad na rioscaí agus na contúirtí a bhaineann leis an imirce neamhrialta. Tagann éifeachtaí comhchosúla i gceist freisin le scileanna gairmiúla feabhsaithe.'

Cé gur tharraing an doiciméad gníomhaíochta aird air seo mar cheacht a foghlaimíodh, is beag a rinneadh chun an riosca aitheanta a mhaolú. I gceann de na tionscadail inár sampla, rinneadh faireachán ar ghrúpaí roghnaithe de thairbhithe deontais (feirmeoirí) chun dul chun cinn i dtáirgeadh agus i margaíocht a rianú, chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh siad ag freagairt do dhúshláin agus chun comhairle theicniúil a thabhairt. Léiríodh sna tuarascálacha faireacháin go raibh roinnt tairbhithe as láthair óna ngnó nó fiú nach bhféadfaí teacht beag ná mór orthu agus gurbh éigean tuilleadh cóitseála a thabhairt do chuid acu. Thángamar trasna ar an bhfadhb chéanna sin le linn ár gcuairteanna ar an bhfód.

Bhí an faireachán a rinneadh ar an bhfadhb sin teoranta do shampla de thairbhithe in dhá thionscadal, agus ní dhearnadh an athuair é i gcás cúig cinn eile de thionscadail.

In dhá thionscadal, áfach, úsáideadh critéir roghnúcháin shonracha, amhail toilteanas caipiteal pearsanta a infheistiú, mar bhealach chun 'pleananna suanacha maidir le himirce neamhrialta' a chosc.

**35** Is éard atá san fhaireachán atá dírithe ar thorthaí (FDT) ná athbhreithniú a dhéanann conraitheoirí seachtracha, atá ceaptha breathnú ar cé chomh maith is atá cláir agus tionscadail ag feidhmiú. Ó 2020, tá ceist maidir le ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas san áireamh i dtuarascálacha FDT. Cé gur tugadh le tuiscint sna tuarascálacha sin gur chuir 85 % de na hidirghabhálacha taithí roimhe seo agus ceachtanna a foghlaimíodh san áireamh, thaispeáin siad freisin nach raibh ach 10 % de na tionscadail ann a tharraing aird ar cheachtanna a foghlaimíodh nó a thug samplaí de dhea-chleachtas a d'fhéadfaí a roinnt go húsáideach lasmuigh de chomhthéacs láithreach an tionscadail.

**Níor thug na gníomhaíochtaí CIAE a moladh aghaidh go leordhóthanach ar riachtanais phráinneacha**

**36** De réir bhainistíocht CIAE, bhí malartuithe 'saoráideacha agus neamhfhoirmiúla' ag toscaireachtaí AE, ag na ceanncheathrúna agus ag feidhmeoirí tionscadal nuair a bhí doiciméid ghníomhaíochta á bpleanáil agus á ndearadh, agus le linn na hoibre sin bhí aird acu ar na riachtanais phráinneacha a bhí sainaitheanta i dtuarascálacha STF. Cé go raibh thart ar 40 % de thuarascálacha REF tugtha chun críche faoi Nollaig 2019, foilsíodh an 60 % eile nuair a bhí na cistí a bhí ar fáil le haghaidh conraitheoireachta beagnach ídithe (féach ***Fíor 10*** agus mír ***29***). As na 31 oifigeach i dtoscaireachtaí AE a thug freagra ar ár suirbhé agus a bhí rannpháirteach i ndoiciméid ghníomhaíochta CIAE a tharraingt suas, ní raibh ach cúigear acu a mheas go raibh na tuarascálacha ina gcuidiú sa phróiseas dréachtaithe. Tagraíodh do na tuarascálacha níos minice, áfach, i gcás dhréachtú na ndoiciméad gníomhaíochta le haghaidh ICFCI-An Eoraip Dhomhanda (féach mír ***12***). Ní raibh ach tionscadal amháin inár sampla de 16 thionscadal CIAE inar tagraíodh go sainráite do thuarascáil STF.

**37** Tá an chuid is mó de thuarascálacha STF ar fáil go poiblí, ach níl siad go léir curtha ar aon ardán lárnach amháin. Tá cuid de na tuarascálacha aicmithe de réir réimse cabhrach ar shuíomh gréasáin CIAE[13], ach níl siad aicmithe de réir cuspóra, téama ná gníomhaíochta. I gcás CnaA, bainistíonn conraitheoir STF suíomh gréasáin[14] ina bhfuil na haicmithe sin ar fáil. Chuirfeadh rochtain oscailte chomhroinnte ar na tuarascálacha go léir agus ar fhaisnéis fhianaisebhunaithe eile amhail staidéir allamuigh (e.g. staidéir hidreolaíocha, thopagrafacha nó chomhshaoil) le ráta ratha na dtionscadal. Bhí tionscadal amháin inár sampla a bhí ag tarraingt as staidéar hidreolaíoch forásach a bhí déanta cheana le haghaidh tionscadal CIAE eile agus d'éirigh leis teacht ar uisce trí oibríochtaí druileála san Aetóip (féach ***Pictiúr 1***). Chistigh an tionscadal céanna obair den chineál céanna sa Chéinia trí úsáid a bhaint as modhanna traidisiúnta nach raibh chomh hiontaofa céanna. Ach ní raibh rath ar dhá thollpholl a druileáladh sa Chéinia.

---

[13] Suíomh gréasáin CIAE.

[14] An tSaoráid Taighde agus Fianaise – Foilseacháin – Imirce i gCorn na hAfraice

**Pictiúr 1 – Tollpholl grianchumhachtaithe rathúil in Dassenech na hAetóipe**



*Foinse:* CIE.

**38** Thug na doiciméid ghníomhaíochta a sheiceálamar aghaidh ar riachtanais shonracha. Dréachtaíodh iad de réir mar a bhí leagtha síos sna treoirlínte, ach fuaireamar nach raibh na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe go hiomlán comhleanúnach i gcónaí leis na nithe seo a leanas:

- práinn na staide,
- acmhainneacht na bhfeidhmeoirí,
- líon réalaíoch na dtairbhithe a bhféadfaí tacú leo,
- comhthéacsanna áitiúla (e.g. leas na hóige, earnálacha a thairgeann deiseanna fostaíochta, struchtúir atá ann cheana féin, tacaíocht roimhe seo),

- cumhachtaí, freagrachtaí, tiomantas agus acmhainneacht na n-údarás náisiúnta a rabhthas ag díriú orthu, agus
- tosaíochtaí na dtíortha comhpháirtíochta (féach ***Bosca 4***).

**Bosca 4**

**Níor cuireadh tosaíochtaí na tíre comhpháirtíochta san áireamh i gcuspóirí an tionscadail**

Cuireadh in iúl do Choiste Oibríochtúil CnaA go mbeadh tionscadal san Aetóip ag tacú le hath-imeascadh inbhuanaithe shaoránaigh na hAetóipe a bhí ag filleadh ón Eoraip agus, faoi dheoidh, go rannchuideodh sé le córas náisiúnta bainistithe oibríochtúil don ath-imeascadh a fhorbairt. Léirigh sreabha imirce gurbh í an Araib Shádach (79 %) an ceann scríbe ab fhearr le himircigh ón Aetóip, agus ina dhiaidh sin bhí Cuáit (20 %) agus Dubai (1 %).

Ba é tosaíocht údaráis na hAetóipe ná na grúpaí imirceach sin a aisdúichiú, agus ní raibh sé mar thosaíocht acu imircigh neamhrialta a thógáil ar ais ón Eoraip. Mar sin féin, rinne an Coiste Oibríochtúil doiciméad gníomhaíochta a bhailíochtú a bhí ag díriú isteach go huile agus go hiomlán ar imircigh a bhí ag filleadh ón Eoraip amháin. Mar thoradh air sin, cúpla mí roimh dheireadh an tionscadail, bhí tacaíocht don ath-imeascadh faighte ag níos lú ná 10 % den líon daoine a bhí ag filleadh ón Eoraip i gcomparáid leis an líon a bhí beartaithe ar dtús. Cuireadh aguisín leis an gConradh a laghdaigh ina dhiaidh sin sprioclíon na n-imirceach a bhí ag filleadh ón Eoraip agus a cheadaigh tacaíocht a thabhairt d'imircigh a bhí ag filleadh ó stáit na Murascaille.

**39** Mar thoradh air sin, d'aimsíomar gníomhaíochtaí nach raibh inbhuanaithe a thuilleadh, a bhí deacair a chur chun feidhme (féach mír ***79***) nó nach raibh aon nasc díreach acu leis na gnéithe is práinní de ghéarchéim na himirce. Seo a leanas roinnt samplaí:

— athshlánú bhealach coirinse cois cósta Al Shabbi in Benghazi;

— athchóiriú ar amharclann Rómhánach ag Sabratha sa Libia;

— trealamh spóirt agus cistine do scoileanna a bhfuil bunriachtanais phráinneacha bonneagair acu (féach ***Pictiúr 2***).

### Pictiúr 2 – Fuair scoil gan leictreachas cumascóir bia mar áis teagaisc san oiliúint in ullmhú agus caomhnú bia



*Foinse:* CIE.

**40** Seiceálamar a mhéid a bhí CIAE ag comhlíonadh rialacha ODA. Thuairiscigh an Coimisiún do ECFE go raibh ranníocaíochtaí CIAE incháilithe ar bhonn 100 % do ODA (féach mír *13*). Murab ionann agus an cás faoi ionstraimí forbartha eile (e.g. ICFCI), ní dhearnadh ranníocaíochtaí ODA a thuairisciú go díreach ar leibhéal an tionscadail. Mar sin féin, d'ullmhaigh an Coimisiún liostaí inmheánacha de thionscadail aonair CIAE inar luadh freisin an incháilitheacht ODA a bhí ag freagairt dóibh. Thugamar faoi deara go raibh tionscadal amháin i réimse cabhrach TnaA sna liostaí sin nach raibh incháilithe do ODA. Fuaireamar freisin go raibh gníomhaíochtaí nach raibh incháilithe do ODA i dtrí thionscadal a bhí ag clúdach dhá réimse cabhrach inár sampla, ar mheas an Coimisiún go raibh siad go léir incháilithe go hiomlán. Tacaíonn na trí thionscadal sin le gníomhaíochtaí bainistithe ag na teorainneacha atá – go pointe áirithe ar a laghad – chun leasa an deontóra, nó a bhfuil aschuir nach raibh incháilithe tugtha i gcrích acu. Is é an toradh atá air sin ná go bhfuil cistiú CIAE tuairiscithe mar chistiú atá incháilithe 100 % do ODA, nuair go deimhin nach bhfuil. Ní raibh cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm ag an gCoimisiún a mhéid a bhain le tuairisciú ODA i gcásanna amhrais.

## In ainneoin cur chuige nuálach i leith rioscaí do chearta an duine a shainaithint i dtimpeallacht dheacair, níor tugadh aghaidh go cuimsitheach ar na rioscaí sin

### Ní dhearnadh measúnú cuimsitheach ar na rioscaí do chearta an duine a d’fhéadfadh a bheith ann

**41** Ceann de na hocht bprionsabal atá i straitéis CIAE[15], agus atá ina tosaíocht ar chuir comhaltaí an Bhoird Straitéisigh béim uirthi, is ea an gá atá le déanamh de réir an phrionsabail ‘gan dochar a dhéanamh’ (féach ***Bosca 5***). Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún seasamh leis an bprionsabal sin, agus le cur chuige na Náisiún Aontaithe atá bunaithe ar chearta an duine, le linn thimthriall na dtionscadal faoi CIAE. Dá bhrí sin, scrúdaíomar an raibh na gníomhaíochtaí CIAE inár sampla ag cur béim ar na rioscaí do chearta an duine a d’fhéadfadh a bheith ann agus ar chuir siad bearta maolúcháin oiriúnacha san áireamh.

**Bosca 5**

**An prionsabal ‘gan dochar a dhéanamh’**

Sa doiciméad dar teideal ‘An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – Ár nDomhan, ár nDínit, ár dTodhchaí’, tugtar gealltanas sonrach go ndéanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit ‘cur chuige cearta-bhunaithe i leith an chomhair um fhorbairt [a chur chun feidhme], lena gcuimsítear cearta uile an duine’. Clúdaíonn an cur chuige atá bunaithe ar chearta catagóir níos leithne de chearta ná díreach cearta an duine. Is é atá mar aidhm leis ná seasamh leis an dá phrionsabal seo a leanas: ‘gan dochar a dhéanamh’ agus ‘an mhaitheas is mó is féidir a dhéanamh’[16].

De réir an phrionsabail ‘gan dochar a dhéanamh’ deirtear nár cheart go mbeadh an comhar um fhorbairt ina chúis le díobháil dho-ghlactha ná le sáruithe ar chearta an duine[17].

---

[15] Doiciméad don Treoshuíomh Straitéiseach, lch. 10.

[16] Bosca uirlisí don chur chuige atá bunaithe ar chearta, SWD(2014) 152, lgh. 5-7 agus 15.

[17] Bosca uirlisí don chur chuige atá bunaithe ar chearta, lch. 15.

**42** Déantar athbhreithniú cáilíochta go hinmheánach sa Choimisiún ar dhoiciméid ghníomhaíochta sula gcuirtear faoi bhráid na gCoistí Oibríochtúla iad. Chuir an Coimisiún a nótaí maidir leis an athbhreithniú cáilíochta ar ocht ndoiciméad gníomhaíochta ar fáil dúinn, ar nótaí iad sin a bhaineann le hocht gcinn de na 16 thionscadal inár sampla. I gcás na hocht gcinn eile, ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh seiceálacha. Bhain an easpa seiceálacha sin le tionscadal amháin ar a laghad i ngach ceann de na trí réimse cabhrach. Ní dhearnadh na barúlacha a tugadh le linn an phróisis athbhreithnithe a chur san áireamh go córasach. Nuair a dhéantar doiciméid ghníomhaíochta a fhormheas nó a mhodhnú, ní fios cad iad na rioscaí gaolmhara atá ann agus, dá bhrí sin, ní gá go ndéanfaí iad a mhaolú trí ghníomhaíochtaí sonracha. A luaithe a bhíonn gníomhaíocht aonair formheasta ag an gCoiste Oibríochtúil, ní mór an ghníomhaíocht sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis an doiciméad gníomhaíochta. Ní dhéanfaidh bainisteoir CIAE an Coiste Oibríochtúil a chur ar an eolas ach amháin sa chás go ndéantar athruithe suntasacha (e.g. méadú níos mó ná 20 % ar an mbuiséad nó athruithe suntasacha ar nádúr agus cuspóirí na gníomhaíochta). Athruithe faoi bhun 20 % den bhuiséad nó athruithe a bhaineann le coimircí do chearta an duine, áfach, níl siad le meas mar athruithe suntasacha (féach ***Bosca 6***).

## Bosca 6

### Sampla d'athruithe a rinneadh le linn chur chun feidhme an tionscadail nár measadh a bheith suntasach

Is é a bhí mar aidhm ag tionscadal réigiúnach amháin i Maracó agus sa Túinéis, ar sheiceálamar gníomhaíochtaí ar thaobh na Túinéise ina leith, ná acmhainneacht na n-údarás a neartú i réimsí an fhaireachais mhuirí agus an bhainistithe imirce. Chuir an doiciméad gníomhaíochta liosta de mhodúil agus aschuir fhéideartha le haghaidh cistiúcháin ar fáil do Choiste Oibríochtúil TnaA. Bhí conradh tosaigh an Choimisiúin leis an bhfeidhmeoir tionscadail i Lúnasa 2018 ag díriú isteach ar thacaíocht a thabhairt do 6 réimse tosaíochta faireachais mhuirí.

In 2020, in ainneoin moilleanna sa chur chun feidhme (bhí 15 % de chomhchuid na Túinéise dáfa faoi Mheán Fómhair 2020, ach ní raibh na cistí sin ar fad íoctha), chinn an Coimisiún cuid na Túinéise de bhuiséad an tionscadail a mhéadú €10 milliún. Iarradh na cistí breise le haghaidh córas faireachais a chlúdódh an t-imeallbhord ar fad. Thuig an feidhmeoir tionscadail ina dhiaidh sin nach ndéanfaí an chomhchuid sin a chur amach ar conradh ná a thabhairt chun críche sula rachadh CIAE in éag. Dá bhrí sin, cuireadh an tairiscint a seoladh in 2022 ar ceal in 2023, agus cuireadh na cistí a bhí fágtha (€5 mhilliún) ar fáil chun trealamh eile a cheannach.




Thugamar ar aire gur leasaíodh an doiciméad gníomhaíochta tosaigh don tionscadal sin chun tráchtanna na mBallstát maidir le gné chearta an duine a chur san áireamh. Sa doiciméad gníomhaíochta leasaithe, baineadh as na tagairtí don ghá atá le cur chuige bunaithe ar chearta a chothú maidir le bainistiú imirce. Go sonrach, is iad sin: an gá atá le tacú le comhordú idir gníomhaireachtaí teorann agus údaráis náisiúnta um chearta an duine agus um chosaint íospartach; cur le cumas na n-údarás teorann sáruithe féideartha ar chearta a shainaithint agus a chosc, amhail cásanna de gháinneáil ar dhaoine, ag pointí trasnaithe teorann; agus, na conairí tarchuir chuig cúnamh a neartú do dhaoine a fhulaingíonn ó sháruithe ar chearta an duine a shainaithnítear ag teorainneacha. Dá thoradh sin, ní dhearnadh an fhaisnéis sin a roinnt leis an gCoiste Oibríochtúil.

**43** Is gnách go mbíonn formáid chaighdeánach agus fad caighdeánach i gceist leis na ranna riosca i ndoiciméid ghníomhaíochta, gan beann ar na himpleachtaí an-éagsúil atá ann do chearta an duine. Mar shampla, níl aon difríocht go bunúsach idir measúnuithe riosca maidir le cruthú fostaíochta agus measúnuithe riosca maidir le gníomhaíochtaí slándála. I gcás doiciméid ghníomhaíochta le haghaidh trí cinn de na tionscadail inár sampla de 16 thionscadal, ní dhearnadh an leibhéal riosca (íseal/meánach/ard) a chatagóiriú ná ní dhearna siad aon nasc le bearta maolúcháin.

**44** Cé gur ardaigh cúig cinn de na doiciméid ghníomhaíochta a bhain lenár sampla riosca amháin ar a laghad do chearta an duine, níor ardaigh na cinn eile é sin. Luaigh trí cinn de na cúig cinn sin an baol go gcruthófaí teannas idir imircigh atá ag filleadh/dídeanaithe agus pobail óstacha. Bhí an riosca sin, áfach, chomh hábhartha céanna i gcás tionscadail eile inár sampla.

**45** Ar ndóigh, is airde na rioscaí nuair a bhíonn gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme i limistéir atá thar a bheith luaineach agus a bhfuil gníomhaíochtaí bainistithe teorann nó slándála i gceist leo. Bhí an leibhéal riosca níos airde seo i gceist le cúig dhoiciméad gníomhaíochta inár sampla. Bhí péire díobh sin, áfach, nár áirigh aon riosca féideartha do chearta an duine agus i gcás na dtrí cinn eile, is líon teoranta rioscaí a d’ardaigh siad. Ina theannta sin, ní raibh na rioscaí trasearnálacha a d’éirigh as roinnt gníomhaíochtaí éagsúla a chur chun feidhme sa tír chéanna, a léirítear sa dara colún d’***Fhíor 11***, mar chuid den anailís.

## Fíor 11 – Rioscaí féideartha do chearta an duine a bhaineann le roinnt gníomhaíochtaí CIAE éagsúla sa Libia

| Rúin intinne AE | Tacaíocht CIAE a tugadh | Measúnú CIE ar na rioscaí féideartha nach raibh luaite sa doiciméadacht don dearadh |
|---|---|---|
| • Feabhas ar fhaireachas muirí<br>• Laghdú ar bhásanna ar muir | <br>**Trealamh, báid agus cúrsaí oiliúna** | • D'fhéadfadh daoine eile seachas na tairbhithe beartaithe an trealamh a úsáid<br>• D'fhéadfadh sé nach bhfuil an fhoireann a fuair oiliúint tiomanta don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh'<br>• D'fhéadfadh sé nach mbeadh glacadh ag na tairbhithe le faireachán ag tríú páirtí |
| • Feabhas a chur ar na dálaí in ionaid choinneála trí bhíthin idirghabhálacha tarrthála saoil agus feabhas a chur ar staid chearta an duine d'imircigh | <br>**Oibreacha/trealamh ag pointí díbhordála** | • D'fhéadfadh Garda Cósta na Libia (GCL)/Riarachán Ginearálta Slándála Cósta na Libia (RGSC) smacht a chailleadh ar phointí díbhordála agus d'fhéadfadh rochtain theoranta a bheith ag deontóirí<br>• Is féidir le gníomhaithe 'neamhoifigiúla' eile na pointí díbhordála a úsáid le haghaidh cúiseanna nach raibh beartaithe dóibh<br>• Easpa grinnscrúdaithe: ní raibh CIE in ann cuairt a thabhairt ar cheann de na pointí díbhordála a fuair cistiú mar go raibh an úinéireacht athraithe |
| • Saoráidí bunúsacha a chur ar bun chun oibríochtaí tarrthála, faireachas ar theorainneacha agus oibríochtaí rialaithe a eagrú ar bhealach níos fearr<br>• Faireachas ar theorainneacha talún a fheabhsú | <br>**Carranna agus busanna** | • D'fhéadfadh tacaíocht CIAE aistriú imirceach chuig ionaid choinneála a éascú, agus dá réir sin róphlódú a dhéanamh níos measa<br>• Ní féidir leis na tairbhithe beartaithe carranna/busanna a úsáid ná don chúis a bhí beartaithe leo |
| • Feabhas a chur ar na dálaí in ionaid choinneála trí bhíthin idirghabhálacha tarrthála saoil agus feabhas a chur ar staid chearta an duine d'imircigh | <br>**Oibreacha/trealamh ag ionaid choinneála** | • D'fhéadfadh sé nach mbeidh rochtain rialta ag gníomhaithe daonnúla/forbraíochta ar na hionaid choinneála a fuair tacaíocht<br>• D'fhéadfadh gníomhaithe 'neamhoifigiúla' a bhíonn i mbun smuigléireachta a bheith ag rialú na n-ionad coinneála atá dúnta ag an Roinn um Chomhrac na hImirce Neamhdhleathaí (RCIN)<br>• Ní féidir an trealamh a úsáid don chúis a bhí beartaithe leis nó d'fhéadfaí an trealamh a dhíol<br>• D'fhéadfadh sé gur thairbhigh eagraíochtaí coiriúla d'fhochonradh sa phróiseas soláthair phoiblí |

*Foinse:* CIE.

**46** Ar leibhéal an chur chun feidhme, fuaireamar nár thug gníomhaíochtaí aghaidh go leordhóthanach ar rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh':

- I naoi ndoiciméad gníomhaíochta (10 as na 16 thionscadal sa sampla), ní raibh bearta sonracha iontu chun rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' a sheachaint. I sé cinn de na 10 dtionscadal, áfach, reáchtáladh gníomhaíochtaí a bhí de réir an phrionsabail (comhairliúchán le ceannairí treibheanna, mapáil acmhainní nádúrtha le pobail áitiúla, spriocdhíriú ar níos mó ban ná fear, tacaíocht chomhchosúil do dhaoine áitiúla agus d'imircigh a bhí ag filleadh, oiliúint ar chearta an duine, etc.). I dtionscadal amháin, rinneadh an baol teannais idir pobail óstacha agus imircigh a bhí ag filleadh agus a thairbhíonn de thacaíocht eacnamaíoch a íoslaghdú trí sheisiúin idirphlé phobail agus gníomhaíochtaí ath-imeasctha a eagrú.

- I gcúig dhoiciméad gníomhaíochta (na sé thionscadal eile), bhí bearta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' nár aistrigh go córasach ina ngníomhaíochtaí ná ina dtáscairí sonracha ar leibhéal an tionscadail ar shlí a d'fhágfadh go bhféadfaí a dheimhniú go raibh siad á gcur chun feidhme go cuí (féach an sampla i ***mBosca 7***).

## Bosca 7

### Samplaí de bhearta maolúcháin a bhí molta agus nach bhfuil ach fianaise theoranta ar fáil a léireodh go ndearnadh iad a chur chun feidhme le linn an tionscadail

Luadh sa doiciméad gníomhaíochta don chéad chéim de thionscadal bainistithe teorann sa Libia go ndéanfadh oifigigh forfheidhmithe dlí ón Iodáil faireachán ar úsáid chuí an trealaimh a bhí in úsáid ar muir agus ar tír, agus go gcuirfí critéir dhochta i bhfeidhm chun oifigigh ón Libia a roghnú agus a ghrinnfhiosrú ionas go bhféadfaidís tairbhiú den tionscadal. Ní bhfuaireamar dóthain fianaise a léireodh gur cuireadh na bearta maolúcháin sin chun feidhme tráth ar bith ó thús an tionscadail in 2018.

Rinneadh tagairt sa doiciméad gníomhaíochta don dara céim den tionscadal d'oiliúint speisialta ar na prionsabail agus treoirlínte a bhí molta ag Oifig na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i dtaca le cearta an duine ag teorainneacha idirnáisiúnta. Dúirt na tairbhithe a chuireamar faoi agallamh gur chuir geallsealbhóirí eile faoi oiliúint iad ar chúrsaí chearta an duine, ach nach bhfuair siad oiliúint ar bith ón bhfeidhmeoir tionscadail.

Sa chlár oiliúna le haghaidh 2022-2024 a bhí curtha le chéile ag an bhfeidhmeoir tionscadail, bhí modúil ann ar an dlí idirnáisiúnta muirí agus ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus freisin ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cuardach agus tarrtháil. Níor aimsíomar fianaise fhoirmiúil ar bith, áfach, a léireodh scóip agus inneachar na gcúrsaí sin (e.g. leagan amach na gcúrsaí, sleamhnáin Powerpoint, an líon uaireanta teagaisc, liosta tinrimh) mar gur oiliúint phraiticiúil a bhí le déanamh ar muir a bhí sa chuid is mó acu. Cuireadh cur i láthair 30 nóiméad chugainn maidir le gnáthnósanna imeachta oibríochtúla i gcuardach agus tarrtháil a dhréachtú a mbeadh impleachtaí dlíthiúla acu do chearta an duine. Eagraíodh é sin sa Róimh i Márta 2023 do sheisear oifigeach ardleibhéil de chuid na Libia. Níor cuireadh tús le hoiliúint ar chaighdeáin idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine, i dtaca le gníomhaíochtaí bainistithe teorainneacha ar tír go dtí 2023.

**47** Foráiltear le téarmaí ginearálta na gcomhaontuithe maoiniúcháin uile go gcuirfear an ghníomhaíocht ar fionraí má shainaithníonn an tAontas Eorpach go foirmiúil gur tharla sárú ar chearta an duine. Bhí clásal nua sa chonradh le haghaidh tionscadal amháin a leag síos coinníoll nach ndéanfaí trealamh a sheachadadh ach amháin sa chás go mbeadh urraim á tabhairt don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' agus do chearta an duine. Cuireadh isteach an clásal sin le linn chur chun feidhme an tionscadail agus ní raibh feidhm aige maidir le haon trealamh a bhí tugtha ar láimh roimhe sin. Bhí srianta úsáide mar é, ach nach raibh siad chomh dian céanna, i gceist le tionscadal eile ach ní raibh tagairt i dtéarmaí ginearálta an chonartha go gcaithfí srianta AE a chomhall. Ní dhearnadh, áfach, an clásal sin a chur i bhfeidhm go córasach maidir le gach tionscadal, go háirithe i gcás na dtionscadal sin a bhaineann le slándáil, bainistiú teorainneacha nó gníomhaíochtaí íogaire eile.

## Ní raibh an faireachán agus an tuairisciú ar chearta an duine sách stóinseach, in ainneoin go ndearnadh faireachán tríú páirtí ar bhonn píolótach

**48** Rinneamar measúnú féachaint an raibh an méid seo a leanas déanta ag an gCoimisiún:

- comhpháirtithe iontaofa a shainaithint chun faireachán breise a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí CIAE a bhíonn ag díriú isteach ar chearta an duine;
- nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun cruinneas na líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine i ndáil le tionscadail CIAE a thaifeadadh agus a sheiceáil;
- a leagan síos go soiléir cén seasamh a bhí le glacadh nuair a bheifí ag déileáil le fiosruithe faoi thionscadail íogaire; agus
- critéir shoiléire a leagan síos maidir le gníomhaíochtaí CIAE a chur ar fionraí.

**Cuireadh tús le seiceálacha ar urraim don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' in 2020, ach ní raibh fianaise leordhóthanach ann ina dtaobh sin i dtuarascálacha an Choimisiúin féin**

**49** Measann an Coimisiún gur ar fheidhmeoirí tionscadal (gníomhaireachtaí forbartha na mBallstát, gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe nó eagraíochtaí neamhrialtasacha) atá an phríomhfhreagracht as a áirithiú go ndéantar cearta an duine agus an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh' a urramú le linn an chur chun feidhme. Cé go bhfuaireamar go raibh treoirlínte nós imeachta curtha i bhfeidhm ag comhpháirtithe cur chun feidhme, níor taispeánadh aon fhianaise ar sheiceálacha doiciméadaithe dúinn.

**50** Tá dúshláin ag baint leis an timpeallacht luaineach ina bhfeidhmíonn CIAE ó thaobh faireachán a dhéanamh ar thionscadail. Bhí bacainní roimh an gCoimisiún, roimh fheidhmeoirí tionscadal agus roimh chonraitheoirí eile a bhí cosúil leis na bacainní a bhí romhainne ó thaobh, mar shampla, rochtain a fháil ar ionaid choinneála agus ar shuíomhanna eile a dteastaíonn údarú oifigiúil le dul isteach iontu. Sa tSomáil agus sa Libia, fostaíonn an Coimisiún conraitheoirí seachtracha chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí trí fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal sonrach. Bhí formhór mór na n-oifigeach cláir a ndearnamar suirbhé orthu in ann cuairteanna allamuigh a thabhairt ar na tionscadail a bhí faoina gcúram, ach thuairiscigh an ceathrú cuid díobh nárbh fhéidir é sin a dhéanamh – go príomha mar gheall ar acmhainní teoranta (foireann, buiséad, feithiclí) agus/nó cúinsí slándála. Rinneamar léirbhreithniú ar 58 dtuarascáil misin ar thionscadail CIAE sna cúig thír ar thugamar cuairt orthu, agus ní bhfuaireamar ach ceann amháin a thug le tuiscint go ndearnadh seiceálacha ar an bprionsabal 'gan dochar a dhéanamh'. Níor thug aon cheann de na 57 mBallstát eile aon fhianaise de sheiceálacha den sórt sin ná níor mhínigh siad cén fáth nach raibh gá le seiceálacha.

**51** Ó 2020, tá seiceálacha ar chearta an duine agus ar an bprionsabal 'gan dochar a dhéanamh' á gcur ag sainchomhairleoirí i dtuarascálacha FDT. De réir na seiceálacha sin, bhí 121 as 130 tionscadal (93 %) saor ó shaincheisteanna maidir le cearta an duine. Fuair sainchomhairleoirí FDT nach ndearnadh rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' a mhaolú i naoi gcinn de na tionscadail.

**Is rud nua sa Libia é an faireachán ar rioscaí do chearta an duine, ach níor léiríodh go ndearnadh aon obair leantach ina leith**

**52** I Nollaig 2019, den chéad uair riamh, ghlac an Coimisiún céim chun sainchomhairleoireacht sheachtrach le haghaidh na Libia a chur amach ar conradh chun faireachán a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

- a mhéid a rinne tionscadail CIAE cearta daonna na dtairbhithe a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhréir leis an gcur chuige a bhfuil an tAontas Eorpach tiomanta dó; agus
- an tionchar a bhí ag gníomhaíochtaí oiliúna CIAE ar urraim do chearta an duine.

**53** Is sásra aimpléiseach agus íogair é faireachán tríú páirtí ar chearta an duine. Bhain an tAontas úsáid as an gcur chuige sin den chéad uair sa Libia. Níor cuireadh an sásra sin i bhfeidhm, áfach, i dtíortha eile ina bhféadfadh cearta an duine a bheith i mbaol. Níor chlúdaigh an conradh sa Libia tréimhse iomlán chur chun feidhme chonarthaí CIAE. Cé gur thosaigh CIAE ar thionscadail a chur chun feidhme sa Libia in 2016 agus go leanfaidh gníomhaíochtaí ar aghaidh go dtí 2025, chuir an conraitheoir 27 dtuarascáil mhíosúla ar fáil ó Mheán Fómhair 2020 go dtí Nollaig 2022. Bhí bearna 9 mí ann ansin sular síníodh an dara conradh i Meán Fómhair 2023.

**54** I ngach ceann de na tuarascálacha faireacháin míosúla, tugtar tuairisc ar raon leathan imeachtaí agus rioscaí féideartha a tugadh faoi deara sa Libia le linn na míosa roimhe sin. Tá scóip an fhaireacháin ag brath ar an gcomhthéacs agus níl grinnscrúdú dlúth ann ar an tionchar atá ag gach aschur agus gníomhaíocht ar chearta an duine (e.g. gineadóirí leictreachais nó cúrsaí oiliúna). Cuireann na tuarascálacha faisnéis úsáideach ar fáil d’fhoireann CIAE faoin staid aimpléiseach ar an bhfód.

**55** Tá na tuarascálacha faireacháin míosúla in ann a bheith úsáideach agus d’fhéadfaidís a bheith ina bhfoinse nua faisnéise d’fhoireann an Choimisiúin, ach níor chuir an Coimisiún próiseas ar bun chun obair leantach a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le háireamh sna tuarascálacha sin. Maidir le foireann an Choimisiúin (nach bhfuil eolas cuimsitheach acu ar na gníomhaíochtaí atá á gcistiú ag CIAE sa Libia, go háirithe suíomh na ngníomhaíochtaí sin), níl siad in ann na rioscaí ar tarraingíodh aird orthu a nascadh le tionscadail CIAE agus ní féidir leo a mheas an bhfuil trealamh atá á chistiú ag an Aontas á úsáid de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhréir leis an bprionsabal ‘gan dochar a dhéanamh’.

**56** Thugamar ar aire le linn ár gcuid oibre iniúchóireachta nach raibh cuid d'fhoireann an Choimisiúin, sa Bhruiséil agus sa toscaireacht araon, go hiomlán eolach ar mhionsonraí ná ar shuíomh ghníomhaíochtaí CIAE sa Libia. Tháinig sé chun solais as ár suirbhé ar oifigigh chláir i ngach ceann de na réimsí cabhrach nach raibh láneolas ag na hoifigigh sin ar shuíomh na n-aschur agus na ngníomhaíochtaí.


**57** Níor roinn an Coimisiún ná SEGS na tuarascálacha faireacháin míosúla le deontóirí CIAE ná le feidhmeoirí tionscadail. Mar sin féin, fuair feidhmeoirí tionscadail cóipeanna de chúig thuarascáil théamacha ina raibh mionsonraí faoi rioscaí nithiúla do ghníomhaíochtaí CIAE agus ina ndearnadh moltaí. Léiríodh sna tuarascálacha sin nach raibh measúnú íogaireachta ar choinbhleachtaí á dhéanamh ar bhealach córasach agus críochnúil. Tháinig an Coimisiún, an conraitheoir agus na feidhmeoirí tionscadail ábhartha ar chomhaontú maidir le plean gníomhaíochta, a bhfuil obair leantach á déanamh ina leith sin i dtuarascálacha faireacháin faoin dara conradh (féach mír ***54***).

**Níl aon nósanna imeachta foirmiúla ann chun sáruithe líomhnaithe ar chearta an duine a thuairisciú agus a mheasúnú**

**58** Measann an Coimisiún go bhfuil clásail chonarthacha lena gceadaítear gníomhaíocht a chur ar fionraí i gcás cinneadh AE ina gcuid de choimircí leormhaithe chun rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' nó do chearta an duine a mhaolú. Ní bhfuaireamar aon samplaí soiléire ná doiciméadaithe, áfach, ná aon treoraíocht phraiticiúil, i dtaobh cad iad na gníomhaíochtaí a bheadh ina dtrúig le cinneadh AE chun gníomhaíocht a chur ar fionraí. Tá sé ráite ag an gCoimisiún go gcuirfeadh sé tacaíocht ar fionraí sa chás go mbeadh nasc díreach idir caiteachas ón Aontas agus líomhain de sháruithe ar chearta an duine, bunaithe ar mheasúnú aonair ar riachtanas agus comhréireacht, ach freisin le lánaird ar chomhthéacs na tíre. In ainneoin gur ann do líomhaintí de sháruithe den sórt sin, ní raibh an Coimisiún in ann samplaí a thabhairt de mheasúnuithe foirmiúla ar bith a rinneadh i dtaca le gníomhaíochtaí CIAE. Rinne an Coimisiún cur síos dúinn ar shamplaí de chásanna as a leanfadh gníomhaíochtaí áirithe a fhionraí sa Libia. Cé gur aimsíomar comharthaí soiléire go raibh ceann de na cásanna sin tarlaithe, níl aon cheann de ghníomhaíochtaí CIAE sa Libia curtha ar fionraí ag an gCoimisiún go dtí seo, mar go measann sé go gcaithfear leanúint den tacaíocht chun beatha daoine a shábháil agus chun fulaingt na n-imirceach a mhaolú.

**59** Dúirt 10 n-oifigeach cláir CIAE a ndearnamar suirbhé i modh rúin orthu, ar fud na dtrí réimse cabhrach, gur thuairiscigh siad líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine do chomhghleacaithe eile. Ní raibh taifead ag an gCoimisiún, ar leibhéal na ceanncheathrún, áfach, ach ar aon líomhain amháin. Mhínigh an Coimisiún dúinn gur féidir líomhaintí a roinnt le bainisteoir líne an duine tuairiscithe (ceannasaí earnála, ceannasaí comhair, ceannasaí airgeadais agus conartha, ceannasaí toscaireachta) ar bhonn riachtanais eolais chun rúndacht na faisnéise a thuairiscítear a áirithiú. Níl aon nós imeachta foirmiúil coiteann i scríbhinn ann do gach ceann de na trí réimse cabhrach in CIAE. Dá bhrí sin, is féidir líomhaintí a thuairisciú do dhaoine éagsúla ar bhealaí éagsúla (féach ***Fíor 12***). Dúirt beagnach trí cheathrú de na freagróirí nach bhfuair siad aon treoraíocht maidir le conas líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine a chur ar aghaidh.

## Fíor 12 – Tá éagsúlacht ag baint le tuairisciú agus próiseáil líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine i gcomhthéacs thionscadail CIAE




[1] INTPA-EUTF-AFRICA@ec.europa.eu
[2] Ag comhordú do na trí réimse cabhrach

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhreagraí suirbhé agus ar phlé leis an gCoimisiún.

**60** Tá baol ann nach ndéanfar líomhaintí a dhoiciméadú agus a phróiseáil ina n-iomláine, go háirithe sa chás go mbíonn daoine den fhoireann ag teacht agus ag imeacht. Tráth na hiniúchóireachta, ní raibh lárstóras coiteann i modh rúin ag an gCoimisiún ná ag SEGS chun cabhrú lena áirithiú go ndearnadh líomhaintí a chlárú agus a bhainistiú go cuí. Mar thoradh air sin, ní féidir linn a dhearbhú go ndearnadh obair leantach ar gach líomhain.


## Tá easpa cruinnis ag gabháil le gnéithe den chóras faireacháin agus tuairiscithe, agus ní léiríonn na gnéithe sin fós cén cur chuige is fearr a d’oibrigh

### Déanann an córas faireacháin táscairí aschuir ó na tionscadail go léir a chomhiomlánú, ach fuaireamar nach bhfuil sé cruinn agus go maíonn sé go bhfuil níos mó bainte amach ná mar atá dáiríre

**61** Rinneamar measúnú féachaint an ndearnadh faireachán éifeachtach ar thorthaí CIAE ar leibhéal an tionscadail agus ar leibhéal CIAE. Is iad na comhpháirtithe cur chun feidhme agus bainisteoirí oibríochtúla CIAE i dtoscaireachtaí AE a dhéanann an faireachán ar leibhéal an tionscadail agus déantar freisin é trí thuarascálacha FDT agus trí thuarascálacha faireacháin tríú páirtí. Tá córas nua agus sonrach curtha ar bun ag CIAE chun gach a bhfuil bainte amach ar shlí comhpháirteach a thomhas. In 2018, mholamar don Choimisiún feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar CIAE. In 2017, bhí tús curtha cheana féin ag EUTF le córas nua faireacháin agus foghlama (CFF) a chur i bhfeidhm chun faisnéis ó thionscadail uile EUTF a chomhiomlánú faoi 38 dtáscaire coiteann aschuir de réimsí cabhrach SLS agus CnaA agus faoi 36 dtáscaire coiteann aschuir de réimse cabhrach TnaA (féach na samplaí in ***Iarscríbhinn IV***). Is é CFF príomhuirlis CIAE chun faireachán a dhéanamh ar na táscairí aschuir coiteanna sin agus chun torthaí a chomhroinnt le geallsealbhóirí. Cuirtear figiúirí aschuir i láthair i dtuarascáil bhliantúil CIAE, ag cruinnithe an Bhoird Straitéisigh agus ar shuíomh gréasáin CIAE, ach níl aon fhíorú neamhspleách seachtrach déanta ar na figiúirí sin.

**62** Ó 2016, tá trí chonraitheoir sheachtracha ar leith tar éis sonraí a bhailiú agus a chomhiomlánú do CFF agus tá siad tar éis staidéir agus anailísí do CFF a dhéanamh, ar chostas de thart ar €18 milliún. I láthair na huaire, bainistíonn ceann amháin na sonraí do réimsí cabhrach CnaA agus SLS, agus tá ceann eile i gceannas ar TnaA (féach ***Fíor 13***).

## Fíor 13 – Bailiú sonraí ag conraitheoirí mar bhonn do thuairisciú CFF




[1] Is conraitheoir eile a thuairiscigh na figiúirí do 2017-2021 ar dtús, ach trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a bhí i bhfeidhm ag Conraitheoir 1 bhíothas in ann tuairisciú ar na torthaí carnacha ó 2017 ar aghaidh.
[2] Ní gá go mbeadh tuairisciú beo bunaithe ar na tuarascálacha insinte (oifigiúla) atá ar fáil, ach is é an aidhm atá leis ná léiriú a thabhairt gach ráithe nó gach seimeastar ar an staid faoi mar atá sí (murab ionann agus tuairisciú *ex post* bunaithe ar na tuarascálacha sin).

*Nóta:* Ní thugann na teorainneacha agus na hainmneacha a thaispeántar ar an léarscáil le tuiscint go bhfuil siad sin faofa go hoifigiúil ag na Náisiúin Aontaithe ná go nglacann na Náisiúin Aontaithe leo.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar CFF.

**63** Bhaineamar úsáid as an sampla de 11 tháscaire atá luaite in ***Iarscríbhinn IV*** chun a fhíorú an raibh tuairisciú CFF cruinn. D'aimsíomar botúin agus míchruinneas i ndáil leis na tionscadail go léir a ndearnamar sampláil orthu. Bhí níos mó neamhréireachtaí ann maidir le tuairisciú ar SLS agus CnaA ná mar a bhí i gcás TnaA. Sin go pointe áirithe mar gheall go raibh an sainchomhairleoir do réimse cabhrach TnaA ag brath ar an bhfaisnéis a thuairiscigh feidhmeoirí tionscadail tar éis do bhainisteoirí oibríochtúla an Choimisiúin an fhaisnéis sin a bhailíochtú, ach chomh maith leis sin go ndearna an sainchomhairleoir sin iarracht comhaireamh dúbailte a sheachaint agus cur chuige níos stuama a chur i bhfeidhm. I gcás na réimsí cabhrach eile, cuireadh sonraí in CFF ar bhonn ráithiúil sula ndearna bainisteoirí an Choimisiúin na tuarascálacha a bhailíochtú. Seo a leanas ba chúis leis na neamhréireachtaí:

- athruithe sa mhodheolaíocht (cuireadh córas CFF ar bun in 2017, tar éis do na chéad tionscadail a bheith curtha amach ar conradh);
- laigí sa mhodheolaíocht (féach ***Bosca 8***);

**Bosca 8**

**Sampla de laige sa mhodheolaíocht as ar lean tuairisciú míchruinn**

Reáchtáladh tionscadal san Aetóip chun aghaidh a thabhairt ar an easpa áiteanna chun na lámha a ní mar bhealach chun scaipeadh COVID-19 a mhoilliú. Thuairiscigh an feidhmeoir tionscadail 100 stáisiún ag a bhféadfaí lámha a ní, ach bhí na haschuir sin tuairiscithe in CFF mar 100 aonad ar leithligh seachas mar bhonneagar sóisialta amháin a tógadh agus/nó a athshlánaíodh. Measaimid gur chóra an trealamh sin a thuairisciú mar 'mhicrea-bhonneagair (losáin, toibreacha, leictreachas)' faoin táscaire le haghaidh 'seirbhísí bunúsacha' agus gur chóra é a áireamh mar aonad amháin.



© Feidhmeoirí tionscadail. Gach ceart ar cosaint.

- róthuairisciú ar aschuir in 13 de na 16 thionscadal (níos coitianta ná tearcthuairisciú, amhail comhaireamh dúbailte ar thairbhithe, bonneagair nó limistéir (féach *Bosca 9*);
- gan faisnéis mhionsonraithe a bheith á comhroinnt ag feidhmeoirí tionscadail, mar a fuaireamar le linn seiceálacha ar an bhfód; agus
- deacrachtaí ag conraitheoirí CFF sonraí cruinne agus tráthúla a fháil ó comhpháirtithe cur chun feidhme.

## Bosca 9

### Samplaí de róthuairisciú agus gan an fhaisnéis a bheith cruinn i dtaobh líon na bpáirceanna tionsclaíochta agus na mbonneagar gnó

Thuairiscigh ceithre thionscadal inár sampla líon iomlán de 62 'pháirc thionsclaíochta agus/nó bonneagair ghnó a tógadh, a leathnaíodh nó a feabhsaíodh'. Fuaireamar nár bhain na ceithre thionscadal le páirc thionsclaíochta ar bith. Maidir leis na haschuir a bhíomar in ann a sheiceáil, bain siad sin le bonneagar gnó nó le trealamh. Ní rabhamar in ann faisnéis leordhóthanach a fháil chun a dheimhniú gurbh ann do 33 de na 62 aonad a bhí tuairiscithe, sin nó bhí siad tuairiscithe mícheart in CFF.

Bhí tionscadal amháin ann a thuairiscigh 12 aschur faoin táscaire seo. Thugamar cuairt ar cheann de na struchtúir a fuair tacaíocht agus fuaireamar go raibh sé ann le roinnt blianta roimhe sin agus gurb iad na húdaráis áitiúla a thóg é. Is i bhfoirm earraí beaga de threalamh TF a tugadh tacaíocht CIAE: ríomhaire glúine, printéir, gléas cinn agus ríomhaire póca.

**64** I dTuarascáil 2018 uainn, mholamar go ndéanfaí cuspóirí sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíoch agus faoi cheangal ama (SMART) a áireamh sna doiciméid phleanála do thionscadail, ar a dtugtar logchreataí (féach ***Iarscríbhinn I***). Ina fhreagraí ar an tuarascáil, dúirt an Coimisiún go ndéanfadh seisean freisin deimhin de go mbeadh táscairí SMART. Tá na logcreataí nuashonraithe ó shin. Mar sin féin, níl na táscairí a úsáideadh chun cuspóirí ginearálta agus sonracha a thomhas go hiomlán sonrach, ábhartha, intomhaiste nó indéanta fós (féach ***Bosca 10***). Tá tomhas an dul chun cinn casta mar nach bhfuil bonnlínte soiléire ag beagnach leath na dtáscairí, agus mar nach bhfuil spriocanna soiléire nó fiú nach bhfuil sprioc ar bith ag an tríú cuid díobh. Ó 2020, d'aimsigh na conraitheoirí a dhéanann faireachán atá dírithe ar thorthaí ar thionscadail CIAE fadhbanna sna logchreataí i gcás níos mó ná leath na dtionscadal a ndearnadh faireachán orthu.

### Bosca 10

### Sampla de tháscaire nach bhfuil SMART

I dtionscadal amháin, rinneadh an táscaire 'Dearcadh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus an sciar de shaineolaithe a bhraitheann go bhfuil laghdú tagtha ar an imirce neamhrialta agus go bhfuil maolú déanta ar na leochaileachtaí a éiríonn as sin' a chur ar bun chun tomhas a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra 'leochaileachtaí a eascraíonn as imirce neamhrialta a mhaolú agus imirce neamhrialta a chomhrac'.

Níl an táscaire sin sonrach: ní hamháin gur bunaithe ar thuairimí atá sé, ach ní luaitear ann ach oiread cé na saineolaithe a bhfuiltear chun dul i gcomhairle leo ná cé na foinsí atá le húsáid chun sonraí a bhailiú. Níl aon luach bonnlíne leagtha síos ann, agus níl de sprioc ann ach 'laghdú'.

## Níl dóthain sonraí fós ann chun a léiriú cé chomh hinbhuanaithe is atá CIAE ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le himirce neamhrialta agus le heasáitiú éigeantais

**65** Sheiceálamar an bhfuil tuairisciú CIAE cruinn agus an dtugann sé léargas cuí ar a bhfuil bainte amach (éifeachtúlacht, éifeachtacht, tionchar) agus ar na dúshláin. Sheiceálamar freisin an raibh na haschuir ó na tionscadail ar thugamar cuairt orthu fós i bhfeidhm nó in úsáid tar éis iad a bheith curtha i gcrích; agus an rannchuidigh na tionscadail le forthorthaí forbartha agus le tionchair a bhí dearfach.

**Tá an méid a baineadh amach, de réir mar a tuairiscíodh, dearfach ach ní shainaithnítear na cineálacha cur chuige is fearr chun imirce neamhrialta agus easáitiú éigeantais a laghdú**

**66** Tugann tuarascálacha FDT le tuiscint go bhfuil an cháilíocht a mbeifí ag dréim léi ag gabháil le leath d'aschuir uile CIAE. Tráth na hiniúchóireachta, bhí sé tuairiscithe i gcás na dtionscadal inár sampla go raibh sciar suntasach dá ngníomhaíochtaí, dá dtrealamh nó dá n-oibreacha a bhí beartaithe tugtha i gcrích, ach nach raibh siad go léir (féach ***Iarscríbhinn II***). Mar sin féin, bhí cúig cinn de na 16 thionscadal fós á gcur chun feidhme. Le linn ár gcuairteanna ar an bhfód, shainaithníomar ródhearbhuithe ar aschuir ó fheidhmeoirí trí cinn de thionscadal (féach an sampla i ***bPictiúr 3*** de thógáil foirgnimh ceardlainne a raibh sé tuairiscithe ina thaobh go raibh sé curtha i gcrích).

### Pictiúr 3 – Foirgneamh ceardlainne nach raibh críochnaithe ag deireadh an chonartha



*Foinse:* CIE.

**67** Níor shainigh CIAE bonnlínte ná spriocanna chun go bhféadfaí tomhas a dhéanamh ar a mhéid go hiomlán a bhí feabhsuithe déanta agus nithe bainte amach. Sa bhreis air sin, níl sé indéanta sonraí forthoraidh a chomhiomlánú le haghaidh phunann CIAE ar an gcaoi chéanna le sonraí aschuir, go príomha mar nach ndearnadh táscairí forthoraidh coiteanna CIAE a dhearadh roimh an gclársceidealú[18].
I dtuarascálacha faireacháin CIAE, áfach, áirítear anailísí tionscadalsonracha do réimsí cabhrach SLS agus TnaA. Rinne TnaA comhiomlánú ar líon teoranta táscairí ar fud tionscadail chomhchosúla, ag díriú isteach ar a mhéid a bhí tacaíocht CIAE ag tairbhiú d’ioncaim theaghlaigh, do shlándáil bia, do chothú agus sláinte, don laghdú ar imirce neamhrialta agus do bhainistiú imirce.

[18] Córas Faireacháin agus Foghlama CIAE – Corn na hAfraice, Nollaig 2023, lch. 14.

**68** Rinneadh faireachán ar líon mór tionscadal CIAE a raibh fadhbanna áirithe ag baint leo (220 ag tráth na hiniúchóireachta) trí thuarascálacha FDT – ar thángthas ar an gconclúid i gcás dhá thrian díobh go raibh na forthorthaí a bhí beartaithe i mbaol. Fiú i ndiaidh seacht mbliana, agus in ainneoin na gceachtanna a foghlaimíodh agus athbhreithniú meántéarma, níl an Coimisiún fós in ann na cineálacha cur chuige is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun laghdú a dhéanamh ar imirce neamhrialta agus ar easáitiú éigeantais san Afraic a shainaithint agus chun tuairisciú orthu.

**69** Fuaireamar go bhfuil a chuspóirí ginearálta agus sonracha bainte amach ag ceann de na tionscadail inár sampla, agus go bhfuil sé sin déanta go pointe áirithe ag 11 thionscadal inár sampla (féach ***Iarscríbhinn II***). Mar sin féin, fágann bearnaí sonraí agus an easpa táscairí SMART go bhfuil sé deacair forthorthaí agus tionchair bheachta a thomhas (féach an sampla i ***mBosca 10***). Tá na ceithre thionscadal eile fós ag cur gníomhaíochtaí chun feidhme.

**Bíonn tionchar ag fadhbanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus le rómheastachán ar thorthaí tuairiscithe**

**70** Sa Mháratáin, rinneamar iniúchóireacht ar thionscadal slándála amháin a bhain le hoiliúint agus trealamh a chur ar fáil d’fhórsaí slándála soghluaiste, go háirithe i gceantair níos iargúlta, agus é mar aidhm leis sin feabhas a chur ar an tslándáil phoiblí agus rannchuidiú le cobhsaíocht na tíre. Thug na fórsaí slándála sin daoine amach as ceantair a bhí buailte le tuilte, agus thug siad daoine slán as a dtithe i gcás tuilte. Chomh maith leis sin d’aimsigh siad airm, drugaí agus breosla a bhí á smuigleáil agus tháinig siad trasna ar imircigh neamhrialta a bhí á ngáinneáil. Bhí siad ina gcúnamh freisin ó thaobh sceimhlitheoirí ciontaithe a bhí éalaithe ón bpríosún a ghabháil. Bhí rath ar an tionscadal, ach ní i dtéarmaí a chuspóirí trasnáisiúnta é sin (ní raibh aon chomhordú réigiúnach ann le tíortha eile).

**71** Thacaigh trí cinn de na tionscadail inár sampla le bainistiú teorainneacha agus go háirithe le rialú ag teorainneacha, ach ní raibh táscaire toraidh ag aon cheann acu lena bhféadfaí líon na ndaoine tarrtháilte/idirghafa nó an tionchar ar shreabha imirce a thomhas. Ar an iomlán, níl dóthain sonraí ann lena léiriú cén tionchar a bhí ag tacaíocht CIAE, go háirithe maidir leis an laghdú ar líon na n-imirceach a úsáideann bealach na Meánmhara Láir (féach sampla amháin as na trí thionscadal i ***mBosca 11***).

## Bosca 11

### In ainneoin feabhsúcháin a bheith déanta, níl dóthain sonraí fós ann chun nasc soiléir a shuíomh idir tacaíocht CIAE agus acmhainneacht údaráis na Libia i réimsí den bhainistíocht teorainneacha agus imirce

Ó 2018, tá oiliúint agus trealamh faighte ag Riarachán Ginearálta Slándála Cósta na Libia, go háirithe báid atá deisithe, ach tá a ról in oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála i bhfad níos teoranta ná an ról atá ag Garda Cósta na Libia (GCL). Is é GCL an príomhghníomhaí Libiach ar muir, agus fuair sé a chéad bhád arna chistiú ag CIAE i Meitheamh 2023.

Cé is moite de 2019 agus 2020, bhí an líon daoine a d'fhill ar an Libia – de réir mar atá tuairiscithe – fós níos airde ná an figiúr do 2016. Thosaigh laghdú ag teacht ar an gcóimheas d'imircigh a bhí ag filleadh ar an Libia i gcomparáid leis an líon daoine a bhí ag dul ar imirce in 2019 – in ainneoin go bhfuil méadú seasta ag teacht ar líon na ndaoine a shroicheann an Eoraip trí bhealach na Meánmhara Láir ó 2019 i leith. É sin ráite, tá líon na n-imirceach atá ag imeacht as an Libia agus an líon daoine atá ag teacht isteach san Iodáil fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2016.

Ar deireadh, níl aon lárionad náisiúnta comhordúcháin cuardaigh agus tarrthála ag an Libia, agus níl a Lárionad Comhordúcháin Tarrthála Muirí i mbun oibríochta go fóill, cé go ndearnadh trealamh a bhí cistithe ag CIAE a sheachadadh i Nollaig 2021 (féach ***Pictiúr 4***).

### Pictiúr 4 – Coimeádáin faoi ghlas agus nach bhfuil in úsáid, a bhí beartaithe don Lárionad Comhordúcháin Tarrthála Muirí nua i dTripilí



*Foinse:* CIE.

I dtuarascálacha faireacháin ar chearta an duine atá eisithe ag an gCoimisiún (féach mír *54*), tugtar ar aire nach mbíonn údaráis chósta na Libia ag freagairt i gcónaí d'éigeandálaí ar muir, agus nach gcuireann siad scéala go córasach chuig na heagraíochtaí daonnúla atá in ann cúnamh a thabhairt nuair atá daoine á ligean amach den bhád. Tarraingíodh aird sna tuarascálacha freisin ar an bhfíoras go raibh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir á ndéanamh ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ina shárú ar an dlí idirnáisiúnta.

**72** Bhí cúig thionscadal inár sampla a bhí ceaptha cosaint a thabhairt do dhídeanaithe agus d'imircigh. Bhí dhá thionscadal san Aetóip agus ceann amháin sa Ghaimbia ag tacú le gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar ath-imeascadh na n-imirceach a bhí ag filleadh agus chun struchtúir náisiúnta a neartú. In ainneoin go raibh tacaíocht luachmhar lóistíochta agus ábhartha á tabhairt, is annamh a tháinig comhlacht náisiúnta na Gaimbia um chomhordú imirce le chéile, ach bhí plean gníomhaíochta le haghaidh 2023/2024 forbartha aige, agus tháinig líonra na lárionad faisnéise imirce chun bheith neamhghníomhach nuair a cuireadh deireadh leis an gcistiú. Bhí pleananna leagtha síos i dtionscadail na hAetóipe agus na Gaimbia araon le haghaidh córas atreoraithe ionas go bhféadfaí faisnéis faoi imircigh a roinnt le comhpháirtithe eile chun tuilleadh cúnaimh a fháil. Fuaireamar nár bhain gach deontóir sa Ghaimbia úsáid chórasach as an ardán ar líne, agus go raibh an t-atreorú ag brath ar mhalartuithe ar bhonn *ad hoc* (ríomhphost nó glao gutháin), rud a d'fhág go raibh an baol ann go dtabharfaí an tacaíocht chéanna faoi dhó (féach ***Bosca 12***). Ní raibh an t-ardán ar líne i mbun oibríochta ar chor ar bith san Aetóip.

**Bosca 12**

**Sampla de thacaíocht CIAE a rinneadh an athuair ach nár léirigh torthaí ar bith**

In 2018, fuair tairbhí sa Ghaimbia oiliúint agus deontas chun gnólacht a chur ar bun san earnáil éanlaithe clóis mar chuid de thacaíocht ath-imeasctha ó thionscadal CIAE. Fuair sé sicíní, beatha, cógais leighis agus trealamh.

In 2022, fuair sé an tacaíocht chéanna is a fuair sé in 2018, cé gur dheimhnigh sé ó bhéal nach raibh aon ghníomhaíocht déanta roimhe sin aige.

Faoi 2023, nuair a thugamar cuairt air, bhí a chuid ainmhithe go léir díolta aige agus ní raibh an dara tionscadal seo a fuair cistiú ón Aontas i mbun oibríochta a thuilleadh ach oiread.

**73** Cuireann tionscadal sa Libia cúnamh ilearnála ar fáil d'imircigh agus do dhídeanaithe in áiteanna éagsúla. Tá an rochtain atá ag eagraíochtaí daonnúla ar na háiteanna sin an-teoranta, áfach, rud a chuireann teorainn leis an méid is féidir leo a dhéanamh do dhaoine atá i ngátar. I gcás cuid de na himircigh a bhí ag filleadh agus a chuireamar faoi agallamh, fuair siad earraí seachas earraí bia (scuab fiacla, taos fiacla, gallúnach) nach bhféadfaidís a úsáid toisc nach raibh rochtain ar uisce acu, ach bhí siad breá sásta le hearraí eile amhail éadaí agus pluideanna. I dtuarascálacha faireacháin ar chearta an duine, arna gcistiú ag CIAE, tarraingíodh aird ar mhíleithreasú a rinneadh ar chúnamh ábharthach. Tá cuid de na hionaid choinneála oifigiúla atá á reáchtáil ag údaráis na Libia dúnta acu, agus ní raibh na húdaráis sin in ann a rá linn cé air atá an fhreagracht anois as na foirgnimh a thairbhigh de thacaíocht CIAE. Ní rabhamar in ann cuairt a thabhairt ar aon cheann de na hionaid choinneála a fuair cistiú faoi CIAE, mar nár dheonaigh údaráis na Libia rochtain dúinn. De réir na dtuarascálacha faireacháin ar chearta an duine, tháinig feabhas beag ar dhálaí maireachtála i ionaid choinneála nuair a rinneadh oibreacha, ach níor tháinig athrú ar bith ar an gcaoi a gcaitear le daoine atá á gcoinneáil iontu.

**74** Is éard a bhí i 10 gcinn de na tionscadail inár sampla ná gníomhaíochtaí chun deiseanna fostaíochta agus eacnamaíocha a chruthú. Léirítear sna tuarascálacha tionscadail gur tháinig méadú ar ioncam na dtairbhithe tacaíochta. Bhí cruinniú againn le tairbhithe de gach ceann de na 10 dtionscadal agus bhí siad sásta go ginearálta leis an tacaíocht a fuair siad, cé go ndearna cuid acu casaoid á rá nár thug an tionscadal aghaidh go hiomlán ar a gcuid riachtanas.

**75** Thuairiscigh ocht gcinn de na 10 dtionscadal sin gur cruthaíodh 14 028 bpost ar an iomlán. Léiríonn an doiciméadacht atá mar bhonn taca lenár sampla, áfach, go bhfuil an figiúr sin boilscithe go mór. Léirigh ár gcuairteanna ar an bhfód nach raibh go leor gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus, dá bhrí sin, nach raibh na poist a maíodh a bheith ann inbhuanaithe ach oiread (féach ***Bosca 13***). Tá sé deacair dul i ngleic le riachtanais fhadtéarmacha le linn tréimhse ama tionscadail. Is beag tacaíochta a tugadh do thairbhithe, agus níor tugadh treoraíocht ná cóitseáil leordhóthanach dóibh, chun plean gnó inchreidte a tharraingt suas, chun anailís mhargaidh a dhéanamh nó chun scileanna bunúsacha sa leabharchoimeád a shealbhú. Luaitear i ndoiciméad gníomhaíochta amháin inár sampla 'nár éirigh i gcónaí le hoiliúint agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí slí beatha ar mhionscála ó thaobh fostaíocht ina dhiaidh sin nó féintuilleamaí níos fearr', ach tarraingíodh aird ar an riosca sin sna tionscadail a raibh gníomhaíochtaí comhchosúla á gcur chun feidhme acu.

**Bosca 13**

**Samplaí de rudaí a baineadh amach ach nach raibh inbhuanaithe**

**Ní raibh na poist a cruthaíodh de dhroim tionscadal amháin san Aetóip inbhuanaithe**

Ag éirí as tionscadal chun imirce neamhrialta a chosc trí bhorradh a chur faoin bhfostaíocht san Aetóip, níor tháinig ach laghdú 0.32 % ar an ráta dífhostaíochta i gcúig limistéar a bhfuil claonadh chun imirce iontu – níor baineadh amach ach 3.61 % den sprioc a bhí leagtha síos. In 2021, measadh go raibh 3 335 as 5 422 phost fós ann i ndiaidh 3 mhí fostaíochta. In 2023, áfach, ag tráth ár n-iniúchóireachta, ní raibh aon sonraí leantacha ar fáil maidir leis na poist a bhí cruthaithe. Dá bhrí sin, ní léir cé chomh hinbhuanaithe is a bhí na poist ná a mhéid a chuidigh an tionscadal le himircigh a bhí ag filleadh a dhíspreagadh ó iarracht a dhéanamh imeacht arís.

**Seamlas agus cró éanlaithe clóis nach bhfuil gníomhach agus atá fágtha mar atá siad ós rud é nach bhfuil siad inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de**

Mhaoinigh tionscadal amháin in SLS modhfheirm próiseála éanlaithe clóis in 2021, ina raibh cró sicíní grianchumhachtaithe le haghaidh 1 000 éan, seamlas déanta as coimeádáin, oifig bhainistíochta, stórais, leithris phoiblí agus gineadóir 60 KvA. Mhaoinigh sé freisin áitreabh don chumann óige a bheadh ag reáchtáil na feirme.

Ag tráth ár gcuairte, mhínigh an tairbhí dúinn nach raibh an tionscadal inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de le go bhféadfaí an gnó a reáchtáil. Bhí an t-áitreabh folamh (féach *Pictiúr 5*) agus bhí an cumann i dteagmháil le hinfheisteoirí ó lasmuigh den Aontas Eorpach chun seilbh a ghlacadh ar an gcíos.

**Pictiúr 5 – Seamlas nach bhfuil in úsáid**



*Foinse:* CIE.

**76** Is féidir tacaíocht sráidbhailte/comhlachais iasachtaí agus gníomhaíochtaí ginte ioncaim a áireamh mar phoist a cruthaíodh. De réir na modheolaíochta, áfach, níor cheart na figiúirí a thuairisciú mar phoist go dtí go mbeidh na torthaí seiceáilte i ndiaidh sé mhí. Ós rud é nach ndéantar rátaí rathúlachta a thomhas, áfach, ní féidir a dhéanamh amach go baileach cá mhéad post nua a cruthaíodh. Luaitear sa mhodheolaíocht gur cheart poist a chruthaítear go comhthaobhach (indíreach agus 'spreagtha') a eisiamh go ginearálta. Thuairiscigh dhá thionscadal as na 16 inár sampla, áfach, go raibh poist indíreacha nó spreagtha i gceist sna figiúirí freisin.

**77** Sheiceálamar 57 dtairbhí a bhí ag fáil tacaíocht eacnamaíoch chun cabhrú leo gníomhaíocht ghnó a chur ar bun nó a leathnú. Cé nach raibh trí cinn de na gníomhaíochtaí sin tugtha chun críche go fóill, bhí 42 ghnólacht fós i bhfeidhm, bíodh sé sin go hiomlán nó go pointe áirithe, ag tráth na hiniúchóireachta, cé go raibh an inbhuanaitheacht ina riosca do 21 acu. Maidir le dhá thionscadal a cuireadh chun feidhme san Aetóip, thug siadsan deontais do thairbhithe ar choinníoll go raibh an riosca airgeadais á gcomhroinnt le chéile acu. Thugamar cuairt ar thairbhí amháin den sórt sin a raibh deontas beag faighte acu. Bhí 40 % den infheistíocht iomlán ranníoctha ag an tairbhí sin agus bhí sé fós ag reáchtáil an ghnó (féach ***Pictiúr 6***).

### Pictiúr 6 – Siopa i gcampa dídeanaithe Kebribeyah, an Aetóip



*Foinse:* CIE.

**78** D’éirigh le tionscadal amháin sa Túinéis gnólachtaí nuathionscanta a chruthú toisc gur chuir sé cóitseáil fhairsing ar fáil, trí dheontas de €27 000 in aghaidh an ghnólachta nuathionscanta, agus toisc gur urramaigh sé roghanna pearsanta na dtairbhithe. Dhírigh sé isteach freisin ar i bhfad níos lú tairbhithe, agus sholáthair sé leibhéil tacaíochta nach raibh chomh caolaithe céanna i gcomparáid le tionscadail eile.

**79** Tá na timpeallachtaí ina n-oibríonn CIAE leochaileach agus luaineach agus cuireann siad inbhuanaitheacht na tacaíochta i mbaol. Ar an iomlán, fuaireamar nach raibh 33 as na 115 infheistíocht (gnólachtaí, tógálacha agus trealamh) a scrúdaíomar i mbun oibríochta a thuilleadh ag tráth ár gcuairte, agus go raibh an baol ann go dtiocfadh 66 eile chun bheith neamh-inbhuanaithe. Bhí níos mó ná leath de na freagróirí inár suirbhé den tuairim gur chuir CIAE béim leordhóthanach ar fhorthorthaí níos fadtéarmaí agus ar inbhuanaitheacht na dtionscadal. D'aontaigh níos mó ná 60 % díobh, áfach, nach ndearna na húdaráis náisiúnta obair leantach ar bhonn córasach ar ghníomhaíochtaí tionscadail nó nach ndearna siad gníomhaíochtaí tionscadail a ghlacadh ar láimh ar bhealach córasach. I bpróiseas 2021 de na ceachtanna a foghlaimíodh, tuairiscíodh freisin go raibh easpa straitéisí scoir ann, rud ba chúis le himní faoi inbhuanaitheacht thorthaí CIAE[19].

**80** Dar le gníomhaireachtaí forbartha na mBallstát agus le foireann thoscaireachtaí AE, chuidigh CIAE le Ballstáit an Aontais dul i mbun idirphlé le tíortha comhpháirtíochta maidir leis an imirce. Tá sé sin go háirithe tar éis doirse a oscailt do ghealllsealbhóirí neamhfhorbartha, amhail aireachtaí inmheánacha agus fórsaí cosanta nó slándála. Bhí sé ar cheann d'aidhmeanna CIAE go rannchuideodh sé le 'hidirphlé' ar chúrsaí imirce, go háirithe sa Ghaimbia agus san Aetóip. Ag tráth na hiniúchóireachta, bhí an t-idirphlé ar an imirce ar siúl agus cuireadh tús an athuair leo san Aetóip tar éis deireadh teacht leis an gcoinbhleacht in Tigray.

[19] ALTAI, Ceachtanna a Fhoghlaim ó CIAE, Céim 2, 2021, lgh. 25 agus 28.

# Conclúidí agus moltaí

**81** Sna hocht mbliana i mbun oibríochta do Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic, tá cur chuige nua forbartha aige chun faisnéis a bhailiú faoi na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú, chun rioscaí do chearta an duine i dtimpeallacht luaineach a shainaithint agus chun tuairisciú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach ag na tionscadail ar fad le chéile. Thuairiscigh tionscadail CIAE go ndearnadh go leor de na haschuir a bhí beartaithe iontu a thabhairt i gcrích agus gur bhain siad a gcuspóirí amach go pointe áirithe. Ina ainneoin sin, níl an tacaíocht airgeadais ó thacaíocht CIAE fócasaithe go leordhóthanach fós ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh. Ina theannta sin, tá dúshláin ann maidir le tuairisciú, inbhuanaitheacht torthaí a áirithiú agus cearta an duine a choimirciú.

**82** Rannchuidigh CIAE leis an imirce a choimeád chun tosaigh ar an gclár gnó forbraíochta agus polaitiúil. San iniúchadh a rinneamar roimhe seo ar CIAE, thángamar ar an gconclúid, cé gur uirlis sholúbtha a bhí ann, gur cheart a dhearadh a bheith níos fócasaithe. Dá bhrí sin, mholamar, i measc nithe eile, go mbainfí úsáid as tuarascálacha a bheadh bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise chun fócas níos fearr a thabhairt do chuspóirí agus tosaíochtaí leathana CIAE. Ar an leibhéal straitéiseach, áfach, níl mórán athraithe agus ní raibh fócas leordhóthanach go fóill ag an tacaíocht. D'fhormheas an Bord tosaíochtaí níos sonraí in 2018, ach is beag tionchar a bhí acu sin ar roghanna straitéiseacha nó ar na gníomhaíochtaí a bhí le cistiú. Féach míreanna ***23***-***26***, agus ***80***.

**83** Bhí na tionscadail go léir a scrúdaíomar ag freagairt do riachtanais, ach níorbh amhlaidh an cás do na riachtanais ba phráinní. Ní raibh leithdháileadh an chistithe bunaithe ar tháscairí a bhaineann go sonrach leis an imirce. Bhíothas in ann cinntí CIAE a dhéanamh go tapa, ach lean sé air ag tabhairt tacaíocht do raon leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí agus ní raibh sé chomh tapa céanna a mhéid a bhain le hobair a chur amach ar conradh. Féach míreanna ***27***-***28***.

**84** I gcomparáid le cabhair um fhorbairt a bhíodh ann roimhe sin, bhí sé d'aidhm ag CIAE a thacaíocht a dhíriú ar fhaisnéis fianaise-bhunaithe. Mhaoinigh CIAE foilsiú os cionn céad tuarascáil atá bunaithe ar thaighde chun cabhrú le riachtanais a shainaithint. Níor cuireadh formhór mór na dtuarascálacha sin ar fáil, áfach, go dtí go raibh beagnach cistiú iomlán CIAE geallta. Mar sin féin, bhí siad úsáideach chun pleananna gníomhaíochta a dhearadh faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda le haghaidh chlárthréimhse 2021-2027, agus chuir siad faisnéis luachmhar ar fáil don Choimisiún maidir le cúiseanna spreagtha agus dinimicí coinbhleachtaí, imirce neamhrialta agus easáitiú san Afraic. Féach míreanna ***29***-***37***.

## Moladh 1 – Spriocdhíriú fianaisebhunaithe ar limistéir gheografacha agus ar thairbhithe a mhéadú

Chun tosaíocht agus fócas a thabhairt don tacaíocht sa todhchaí do chosc agus bainistiú imirce neamhrialta, ba cheart don Choimisiún spriocdhíriú ar na limistéir gheografacha agus ar na riachtanais gheografacha is ábhartha trí shonraí a bhaineann go sonrach leis an imirce agus faisnéis atá bunaithe ar thaighde a úsáid.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Deireadh 2025**

**85** Bhí na tagairtí i ndoiciméid ghníomhaíochta do na ceachtanna a foghlaimíodh gearr agus ginearálta, agus níor tharraing siad aird ar dhúshláin, gaistí ná dea-chleachtais a bhí ann roimhe sin. Thángamar trasna ar ghníomhaíochtaí tionscadail nach raibh ag freagairt do riachtanais éigeandála i gcomhthéacs na himirce, agus thángamar trasna ar ghníomhaíochtaí eile nach raibh inbhuanaithe a thuilleadh. Tá dhá thuarascáil maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh coimisiúnaithe ag CIAE, ach ní raibh siad sin ar fáil go dtí díreach sular chuir CIAE deireadh le hoibríochtaí a chur amach ar conradh. Féach míreanna ***34***-***39***.

## Moladh 2 – Doiciméid CIAE a chur san áireamh i lárstóras le go bhfónfaidh siad mar bhonn eolais do ghníomhaíocht sa todhchaí agus cur leis an roinn maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh sna doiciméid ghníomhaíochta

Ag féachaint dá ghníomhaíocht forbraíochta sa todhchaí, lena n-áirítear tríd an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, ba cheart don Choimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail CIAE a áireamh i lárstóras agus cur leis an roinn maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh sna doiciméid ghníomhaíochta trí na doiciméid a ceadaíodh a lua agus trí na gaistí nó an dea-chleachtas a breathnaíodh sa tír agus in áiteanna eile le haghaidh gníomhaíochtaí comhchosúla a liostú.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Deireadh 2026**

**86** Déantar tionscadail CIAE a reáchtáil i dtimpeallachtaí deacra inar féidir cabhair a úsáid le haghaidh rudaí nach raibh beartaithe don chabhair sin. Sa chomhthéacs sin, ní raibh seiceálacha *ex ante* ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag tionscadal ar chearta an duine cuimsitheach go leor. I gcás ina raibh bearta maolúcháin luaite i ndoiciméad gníomhaíochta, ní dhearnadh iad a aistriú go córasach go gníomhaíochtaí nó táscairí sonracha ar leibhéal an tionscadail ar shlí a dheimhneodh go raibh na bearta á gcur chun feidhme go cuí. Féach míreanna ***42***-***46***.

**87** Tá dúshláin ag baint leis an timpeallacht luaineach ina bhfeidhmíonn CIAE ó thaobh faireachán a dhéanamh ar thionscadail. I bhfianaise na rioscaí méadaithe sa Libia, roghnaigh an Coimisiún faireachán tríú páirtí chun feabhas a chur ar an bhformhaoirseacht a dhéanann sé ar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí CIAE ar chearta an duine sa tír sin. Is é seo an chéad cheann dá shórt. Is foinse úsáideach faisnéise ar rioscaí do chearta an duine sa Libia é an cleachtas sin, ach níor léiríodh go ndearnadh obair leantach ina leith sin. Féach míreanna ***52***-***57***.

**88** Measann an Coimisiún go bhfuil clásail chonarthacha lena gceadaítear gníomhaíocht a chur ar fionraí i gcás breithiúnas cúirte nó cinneadh AE ina gcuid de choimircí leormhaithe chun rioscaí don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' nó do chearta an duine a mhaolú. Níl nósanna imeachta inmheánacha foirmiúla ag an gCoimisiún chun líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine i ndáil le tionscadail atá á maoiniú ag an Aontas a thuairisciú, a thaifeadadh agus a leanúint suas. Gan beann ar fhoinse na líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine nó sáruithe ar an bprionsabal 'gan dochar a dhéanamh', níl aon chóras ann chun a thaispeáint go ndearnadh scrúdú cuí ar fhaisnéis den sórt sin agus gur cuireadh san áireamh í nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir le leanúint de thacaíocht an Aontais nó maidir leis an tacaíocht sin a chur ar fionraí. Féach míreanna ***58***-***60***.

## Moladh 3 – Sainaithint rioscaí do chearta an duine a neartú agus gníomhaíocht mhaolúcháin a dhéanamh

Chun urraim don phrionsabal 'gan dochar a dhéanamh' a fheabhsú sa chinnteoireacht i gcás aon ghníomhaíocht forbraíochta a dhéanfar amach anseo, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú córasach ar an leibhéal sonrach riosca do chearta an duine i gcéim an deartha agus an fhoirmlithe, agus na bearta maolúcháin atá beartaithe a aistriú ina ngníomhaíochtaí sonracha nó ina dtáscairí aschuir sonracha i gcás ina bhfuil rioscaí suntasacha do chearta an duine ag baint le tionscadal;

(b) nósanna imeachta inmheánacha soiléirithe a tharraingt suas agus a scaipeadh chun líomhaintí maidir le sáruithe ar chearta an duine a thuairisciú agus a leanúint suas i gcomhthéacs tionscadal atá á gcistiú ag an Aontas;

(c) anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le rioscaí do chearta an duine, bíodh an fhaisnéis sin faighte trí fhaireachán tríú páirtí ar chearta an duine nó trí mhodhanna eile amhail líomhaintí; an t-eintiteas ar a bhfuil freagracht as anailísí den sórt sin a dhéanamh a shainaithint; taifead a choimeád de na gníomhaíochtaí go léir a rinneadh mar fhreagairt agus de na cúiseanna a bhí le cinneadh a dhéanamh leanúint de thacaíocht ón Aontas a thabhairt nó an tacaíocht sin a chur ar fionraí.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Deireadh 2025**

**89** Cé gur thuairiscigh na feidhmeoirí tionscadail inár sampla go ndearna siad an chuid is mó de na haschuir a bhí beartaithe acu a thabhairt i gcrích, ach nach raibh sé sin déanta do na haschuir ar fad, agus gur bhain siad amach go leor dá gcuspóirí, is minic a bhí amhras ann faoin inbhuanaitheacht. Mar sin féin, d'éascaigh CIAE idirphlé maidir le saincheisteanna imirce. Rinneadh gach ranníocaíocht CIAE a thuairisciú do ECFE mar chúnamh forbartha oifigiúil. Fuaireamar go raibh roinnt gníomhaíochtaí ann nár chóir a bheith catagóraithe ar an mbealach sin. Féach míreanna ***40*** agus ***66***-***80***.

**90** Sa bhreis ar fhaireachán a dhéanamh ar leibhéal an tionscadail, tá córas curtha ar bun ag an gCoimisiún chun an méid gníomhaíochtaí atá bainte amach ag na tionscadail le chéile a thomhas trí thorthaí thionscadail uile CIAE a chomhiomlánú. Tá beagnach 40 táscaire aschuir sa chóras, ach ní dhéanann sé inbhuanaitheacht na n-aschur a thomhas ná ní thuairiscíonn sé an raibh na tionscadail cuiditheach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le héagobhsaíocht, le himirce neamhrialta agus le heasáitiú. Ní raibh na haschuir a tuairiscíodh i gcás na dtionscadal inár sampla go hiomlán cruinn agus ba mhinic a tuairiscíodh go raibh níos mó i gceist leo ná mar a bhí dáiríre. Tharla sé sin go pointe áirithe mar gheall ar laigí sa mhodheolaíocht agus mar nach raibh faisnéis mhionsonraithe á cur ar fáil ag feidhmeoirí tionscadail. Féach míreanna ***61***-***64***.

## Moladh 4 – Feabhas a chur ar chruinneas ó thaobh tuairisciú ar a bhfuil bainte amach

Chun feabhas a chur ar chruinneas ó thaobh tuairisciú ar a bhfuil bainte amach, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) féachaint ar bhealaí chun a áirithiú go ndéanfaidh feidhmeoirí tionscadail faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na sonraí bunúsacha a úsáidtear chun tuairisciú ar na táscairí, lena n-áirítear liostaí den trealamh, faisnéis faoi na tairbhithe deiridh, suíomh, méid na tacaíochta do ghníomhaíochtaí forbraíochta ar bith sa todhchaí;

(b) i gcás gníomhaíochtaí forbraíochta ar bith sa todhchaí, seiceálacha a dhéanamh ar chruinneas agus inbhuanaitheacht na dtorthaí a bheidh tuairiscithe agus a eascróidh as táscairí comhiomlánaithe ICFCI, agus é sin a dhéanamh ina mheastóireachtaí faireacháin nó tionscadail atá dírithe ar thorthaí;

(c) tionscadail CIAE lena ngabhann riosca go mbeidís measúnaithe go mícheart mar thionscadail atá incháilithe go hiomlán do ODA a shainaithint, agus nuair is gá an tuairisciú ODA le ECFE a cheartú.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: Deireadh 2025**

Ghlac Seomra III, faoi cheannas Bettina Jakobsen, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 9 Iúil 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Obair leantach ar ár moltaí i dTuarascáil speisialta 32/2018

Leibhéal cur chun feidhme:  go hiomlán;  den chuid is mó;  go pointe áirithe;  gan bheith curtha chun feidhme.

| Moladh CIE | Glacadh an Choimisiúin leis an moladh | Leibhéal cur chun feidhme |
|---|---|---|
| **Moladh 1**<br><br>Ba cheart don Choimisiún a mholadh do Bhord an Chiste Iontaobhais athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí agus tosaíochtaí CIAE don Afraic atá ann cheana féin chun iad a dhéanamh níos sonraí agus níos indéanta. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar dhúshláin ar leith na dtrí réimse cabhrach agus, a mhéid is féidir, ba cheart spriocanna agus bonnlínte a áireamh ann. Ina dhéanamh sin dó, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas, go háirithe, a úsáid: | | |
| (a) aschuir na Saoráidí Taighde agus Fianaise; | glacadh leis |  |
| (b) cumais na ndeontóirí go léir; | glacadh leis | gan bheith curtha chun feidhme |
| (c) sásra le haghaidh na gceachtanna a foghlaimíodh don Chiste Iontaobhais ina iomláine. | glacadh leis |  |
| **Moladh 2**<br><br>Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh: | | |
| (a) critéir choiteanna shoiléire a bhunú a chuirfear i bhfeidhm sna réimsí cabhrach go léir agus an measúnú ar thograí tionscadail a dhoiciméadú de réir na gcritéar sin | diúltaíodh é |  |

| Moladh CIE | Glacadh an Choimisiúin leis an moladh | Leibhéal cur chun feidhme |
|---|---|---|
| (b) liosta de na tograí a fuarthas ach nach ndearna Bainisteoir an Chiste Iontaobhais iad a thiontú isteach ina bPáipéar Gnímh, lena n-áirítear na cúiseanna lena ndiúltú, a sholáthar do na Coistí Oibríochtúla | diúltaíodh é | |
| (c) na Coistí Oibríochtúla a chur ar an eolas faoi aon athruithe substaintiúla ar thionscadail a bhí formheasta roimhe sin (i.e. athruithe ar chuspóirí, ar bhuiséad agus ar ré) | glacadh leis | |
| (d) roinn ar leith a chruthú sa Pháipéar Gnímh ina léirítear an buntáiste comparáideach a bhaineann le tacú leis an tionscadal trí CIAE don Afraic seachas trí chineálacha eile tacaíochta ón Aontas | glacadh leis | |
| **Moladh 3**<br><br>I gcomhchomhairle le comhpháirtithe cur chun feidhme ionchasacha i gcás inarb ábhartha, ba cheart don Choimisiún na nósanna imeachta brostaithe uile is féidir a chur i bhfeidhm maidir le CIAE don Afraic a shainaithint agus feabhas a chur ar a n-úsáid. | glacadh leis | |
| **Moladh 4**<br><br>Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh: | | |
| (a) an comhchóras faireacháin a dhéanamh lánoibríochtúil; | glacadh leis | |
| (b) cuspóirí SMART a áireamh i logchreataí na dtionscadal, agus cáilíocht na dtáscairí a fheabhsú trí bhonnlínte agus spriocanna cainníochtaithe a leagan síos. | glacadh leis | |

## Iarscríbhinn II – Sampla CIE agus measúnú ar thionscadail

| Uimh. | Ainm an chonartha | Réimse Cabhrach CIAE | Tír | Tír faoi iniúchóireacht | An méid a gealladh | An méid a íocadh (Nol. 2023) | Baint amach na n-aschur de réir CIE | Baint amach na bhforthorthaí de réir CIE | Inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sa sampla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Clár um Bainistiú Imirce Níos Fearr | CnaA | An Aetóip<br>An Chéinia<br>An tSúdáin<br>An tSomáil | An Aetóip | 40 000 000 | 40 000 000 | | | |
| 2 | Tionscadal Dheilt Omo: An réimse féaraigh a leathnú chun Fás & Athrú ó Bhonn a bhaint amach in Turkana (An Chéinia) agus in Omo Theas (An Aetóip) | CnaA | An Aetóip<br>An Chéinia | An Aetóip | 12 000 000 | 11 807 731 | | | |
| 3 | Tacaíocht inbhuanaithe don ath-imeascadh d'imircigh na hAetóipe atá ag filleadh ón Eoraip agus tacaíocht do phobail leochaileacha easáitithe atá thíos le COVID-19 | CnaA | An Aetóip | An Aetóip | 15 000 000 | 13 500 000 | | | |

| Uimh. | Ainm an chonartha | Réimse Cabhrach CIAE | Tír | Tír faoi iniúchóireacht | An méid a gealladh | An méid a íocadh (Nol. 2023) | Baint amach na n-aschur de réir CIE | Baint amach na bhforthorthaí de réir CIE | Inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sa sampla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Imirce Neamhrialta i dTuaisceart & Lár na hAetóipe a chosc (SINCE) – Comhar Forbraíochta ón Iodáil | CnaA | An Aetóip | An Aetóip | 19 844 494 | 19 844 494 | | | |
| 5 | Forbairt Shocheacnamaíoch Neartaithe agus Deiseanna Fostaíochta Níos Fearr do Dhídeanaithe agus do phobail óstacha i Limistéar Jigjiga | CnaA | An Aetóip | An Aetóip | 10 000 000 | 9 000 000 | | | |
| 6 | Treisiú na hacmhainneachta le haghaidh bainistiú níos fearr a dhéanamh ar an imirce d'fhonn leanaí imirceacha a chosaint ar dhúshaothrú agus ar gháinneáil | SLS | An Mháratáin | An Mháratáin | 2 905 772 | 2 905 772 | | | |

| Uimh. | Ainm an chonartha | Réimse Cabhrach CIAE | Tír | Tír faoi iniúchóireacht | An méid a gealladh | An méid a íocadh (Nol. 2023) | Baint amach na n-aschur de réir CIE | Baint amach na bhforthorthaí de réir CIE | Inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sa sampla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7 | GAR-SI SAHEL (Grúpaí Mearghníomhaíochta – Faireachas agus Idirghabháil sa tSaiheil) | SLS | An Nígir<br>An Mháratáin<br>Buircíne Fasó<br>Mailí<br>Sead<br>An tSeineagáil | An Mháratáin | 17 986 073 | 17 383 993 | | | |
| 8 | Treisiú ar athléimneacht agus cumhachtú dídeanaithe i measc imircigh atá ag filleadh agus daoine atá easáitithe go hinmheánach mar gheall ar choinbhleacht i Mailí Thuaidh. | SLS | An Mháratáin | An Mháratáin | 4 900 000 | 4 900 000 | | | |
| 9 | Bainistiú agus rialachas na himirce a neartú agus ath-imeascadh inbhuanaithe na n-imirceach atá ag filleadh sa Ghaimbia | SLS | An Ghaimbia | An Ghaimbia | 3 900 000 | 3 900 000 | | | |
| 10 | Ag éirí leat sa Ghaimbia – Todhchaí a Fhorbairt – An t-agraghnó a chur chun cinn agus an comhtháthú sóisialta a neartú | SLS | An Ghaimbia | An Ghaimbia | 5 000 000 | 4 990 299 | | | |

| Uimh. | Ainm an chonartha | Réimse Cabhrach CIAE | Tír | Tír faoi iniúchóireacht | An méid a gealladh | An méid a íocadh (Nol. 2023) | Baint amach na n-aschur de réir CIE | Baint amach na bhforthorthaí de réir CIE | Inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sa sampla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 11 | Ag éirí leat sa Ghaimbia – Bonneagar Tuaithe le haghaidh Cruthú Fostaíochta sa Ghaimbia (RIEC) | SLS | An Ghaimbia | An Ghaimbia | 7 000 000 | 7 000 000 | | | |
| 12 | Tacaíocht do Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha agus Imirce sa Libia (Céim I) | TnaA | An Libia | An Libia | 42 223 927 | 27 279 629 | | | |
| | Tacaíocht do Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha agus Imirce sa Libia (Céim 2) | TnaA | An Libia | An Libia | 16 800 000 | 15 632 088 | | | |
| 13 | Imircigh leochaileacha a chosaint agus pobail a chobhsú | TnaA | An Libia | An Libia | 70 800 000 | 70 603 804 | | | |
| 14 | Acmhainneachtaí Áitiúla a Neartú don Athléimneacht agus don Téarnamh | TnaA | An Libia | An Libia | 18 000 000 | 17 083 270 | | | Níor tugadh cuairt ach ar 1 aschur |
| 15 | Clár um Bainistiú Teorainneacha do réigiún na Magraibe (BMP-An Mhagraib) | TnaA | An Túinéis | An Túinéis | 65 000 000 | 60 395 998 | | | Níor tugadh cuairt uirthi |

| Uimh. | Ainm an chonartha | Réimse Cabhrach CIAE | Tír | Tír faoi iniúchóireacht | An méid a gealladh | An méid a íocadh (Nol. 2023) | Baint amach na n-aschur de réir CIE | Baint amach na bhforthorthaí de réir CIE | Inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sa sampla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 16 | Deiseanna fostaíochta agus infheistíochta a fhorbairt ar mhaithe le deiseanna soghluaisteachta don diaspóra | TnaA | An Túinéis | An Túinéis | 4 000 000 | 4 000 000 | | | |

| Eochair | Aschuir agus torthaí | Inbhuanaitheacht |
|---|---|---|
| Bainte amach | Bhí níos mó ná 75 % de na spriocanna beartaithe bainte amach | Ag tráth na cuairte, bhí an chuid is mó de na gníomhaíochtaí sa sampla inbhuanaithe agus ba dhócha go bhfanfaidís inbhuanaithe |
| Bainte amach go pointe áirithe | Bhí níos mó ná 50 % de na spriocanna beartaithe bainte amach | Ag tráth na cuairte, bhí an chuid is mó de na gníomhaíochtaí sa sampla inbhuanaithe ach bhí siad i mbaol |
| Míshásúil | Bhí níos lú ná 50 % de na spriocanna beartaithe bainte amach | Ag tráth na cuairte, ní raibh an chuid is mó de na gníomhaíochtaí sa sampla inbhuanaithe |
| Ní féidir teacht ar chonclúid go fóill | Ní raibh an tionscadal curtha i gcrích | Ní féidir teacht ar chonclúid mar nár tugadh cuairt air |

## Iarscríbhinn III – Sampla don obair leantach ar mholadh 2 i dTuarascáil speisialta 32/2018

| |
|---|
| T05-EUTF-SAH-GM-04: An Ghaimbia a Dhigiteáil – Cúnamh teicniúil chun an earnáil TFC a neartú |
| T05-EUTF-SAH-MR-09: Comhpháirtíocht Oibríochtúil Chomhpháirteach don Mhháratáin |
| T05-EUTF-SAH-REG-25: Raidió Óige na Saiheile |
| T05-EUTF-SAH-REG-26: Ranníocaíocht le maoiniú Rúnaíocht Chomhghuaillíocht na Saiheile |
| T05-EUTF-NOA-LY-11: Sreabha imirce measctha a bhainistiú – Cosaint, cúnamh sláinte, athléimneacht agus rannpháirtíocht an phobail |
| T05-EUTF-NOA-TN-03: Gníomhaíocht chun imircigh leochaileacha a chosaint |
| T05-EUTF-NOA-REG-16: Mearfhreagairt éigeandála ar COVID-19 i dtíortha TnaA do na pobail is leochailí |
| T05-EUTF-REG-REG-14: Réitigh bhuanfasacha do Leanaí Teifeacha gan Tionlacan agus atá Scartha óna Muintir (an Libia agus an Éigipt) agus Athaontú Teaghlaigh |
| T05-EUTF-HOA-ET-77: Cobhsaíocht agus seirbhísí bunúsacha in Gambella |
| T05-EUTF-HOA-REG-81: Feabhas a chur ar chosaint, ar chúnamh tarrthála agus ar réitigh inbhuanaithe do dhaoine atá aslonnaithe as an Libia tríd an Sásra Idirthurais Éigeandála (SIÉ) i Ruanda |
| T05-EUTF-HOA-REG-67: An Creat Cuimsitheach Freagartha do Dhídeanaithe – Forbairt Uirbeach agus Soghluaisteacht |

## Iarscríbhinn IV – Sampla de tháscairí aschuir CFF

| Táscairí CIAE |
|---|
| 1.1 Líon na bpost díreach a cruthaíodh nó a fuair tacaíocht trí thionscadail atá cistithe ag CIAE |
| 1.2 Líon na micrifhiontar, na bhfiontar beag agus na bhfiontar meánmhéide (MFBManna) atá cruthaithe nó a fuair tacaíocht |
| 1.3 Líon na ndaoine a fuair cúnamh chun gníomhaíochtaí ginte ioncaim (GGInna) a fhorbairt |
| 1.5 Líon na bpáirceanna tionsclaíocha agus/nó na mbonneagar gnó a tógadh, a leathnaíodh nó a feabhsaíodh |
| 2.1(a) Líon na mbonneagar sóisialta a tógadh agus/nó a athshlánaíodh |
| 2.6 Heicteáir d'éiceachórais talmhaíochta agus féaraigh ar tugadh cleachtais bhainistíochta inbhuanaithe isteach iontu le tacaíocht ón Aontas |
| 4.1 Líon na mbonneagar a fuair tacaíocht chun rialachas a neartú |
| 4.1(a) Líon na n-ítimí trealaimh a soláthraíodh chun rialachas a neartú |
| 4.2 Líon na mball foirne ó institiúidí rialtais, ó fhórsaí slándála inmheánacha agus ó ghníomhaithe ábhartha neamhstáit atá oilte ar rialachas, ar chosc coinbhleachtaí agus ar chearta an duine |
| 4.6 Líon na straitéisí, na ndlíthe, na mbeartas agus na bpleananna a forbraíodh agus/nó a fuair tacaíocht go díreach (ar an leibhéal náisiúnta) |
| 6.1 Líon na soláthairtí a bhaineann le paindéim COVID-19 a soláthraíodh agus/nó a dáileadh |

# Giorrúcháin

**AS ECHO:** Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil

**AS HOME:** An Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile

**AS INTPA:** An Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta

**AS NEAR:** An Ardstiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú

**CFF:** Córas faireacháin agus foghlama

**CIAE:** Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic

**CnaA:** Corn na hAfraice

**ECFE:** An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

**FDT:** Faireachán dírithe ar thorthaí

**Frontex:** An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta

**ICFCI:** An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta

**JRC:** An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

**ODA:** Cúnamh oifigiúil um fhorbairt

**SEGS:** An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

**SLS:** An tSaiheil agus Loch Shead

**TnaA:** Tuaisceart na hAfraice

# Gluais

**Aschur:** An rud a tháirgtear nó a bhaintear amach le tionscadal, amhail cúrsa oiliúna a thabhairt i gcrích nó bóthar a thógáil.

**Ciste iontaobhais an Aontais Eorpaigh:** Ciste atá á riar ag an Aontas Eorpach trína ndéantar airgead ó fhoinsí éagsúla a chomhthiomsú ar mhaithe le freagairt idirnáisiúnta ar éigeandáil nó ar ghéarchéim a mhaoiniú, go hiondúil i dtíortha i mbéal forbartha.

**Córas tarchuir:** Próiseas comhair idir geallsealbhóirí éagsúla chun seirbhísí cosanta agus cúnaimh a sholáthar d’imircigh leochaileacha.

**Creat loighiciúil:** Uirlis phleanála mhionsonraithe a chlúdaíonn cur chun feidhme, bainistíocht, faireachán agus meastóireacht tionscadail. Tugtar **logchreat** freisin air.

**Faireachán dírithe ar thorthaí:** Athbhreithniú a dhéanann saineolaithe neamhspleácha ar aschuir agus ar thorthaí tionscadal atá fós ar siúl i gcomparáid le critéir amhail ábharthacht, éifeachtúlacht, éifeachtacht, tionchar agus inbhuanaitheacht.

**Fothoradh:** Athrú láithreach nó fadtéarmach a eascraíonn as tionscadal agus a bhaineann lena chuspóirí de ghnáth, amhail na tairbhí a eascraíonn as lucht saothair a bhfuil oiliúint níos fearr orthu.

**Imirceach neamhrialta:** Duine a théann isteach i dtír nó atá ina gcónaí i dtír, agus nach bhfuil an t-údarú riachtanach chuige sin acu.

**Post spreagtha:** Fostaíocht a ghintear trí chaiteachas breise ioncaim ó fhostaíocht dhíreach agus indíreach.

**Tionchar:** Na hiarmhairtí fadtéarmacha níos leithne a bhaineann le tionscadal nó clár atá tugtha chun críche, amhail sochair shocheacnamaíocha don daonra ina iomláine.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-17

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-17

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta III – Gníomhaíocht sheachtrach, slándáil agus ceartas, atá faoi cheannas Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Ba é Hannu Takkula (Comhalta den Chúirt) a bhí i gceannas ar an iniúchadh ar dtús, le tacaíocht ó Turo Hentila (Ceann na hOifige Príobháidí) agus Nita Tennila (Ataisé na hOifige Príobháidí).

Is í Bettina Jakobsen (Comhalta den Chúirt) a thug an t-iniúchadh chun críche, agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Katja Mattfolk (Ceann na hOifige Príobháidí), Michael Bain (Príomh-Bhainisteoir), Aurelia Petliza (Ceann Cúraim), agus Loulla Puisais-Jauvin agus Edwin van Veen (Iniúchóirí). Thug Thomas Everett tacaíocht teanga. Chuir Giuliana Lucchese tacaíocht ghrafach ar fáil. Chuir Britta Middelberg tacaíocht suirbhé modheolaíochta ar fáil agus chuir Terje Teppan-Niesen agus Ramunė Šarkauskienė tacaíocht riaracháin ar fáil.


Bettina Jakobsen


Katja Mattfolk


Michael Bain


Edwin van Veen


Giuliana Lucchese


Britta Middelberg


Terje Teppan-Niesen


Ramune Sarkauskiene

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Pictiúr i mBosca 8: © Feidhmeoirí tionscadail. Gach ceart ar cosaint.

Fíoracha 11, 12 agus Iarscríbhinn I – Deilbhíní: Dearadh na fíoracha seo trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint. Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-2795-1 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/388521 | QJ-02-24-016-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-2750-0 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/307711 | QJ-02-24-016-GA-N |

Is in 2015 a bunaíodh Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic (CIAE), agus is tríd an gciste sin atá an tAontas Eorpach ag dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leis an imirce, an éagobhsaíocht agus an easáitiú inmheánach san Afraic.

Rinneamar obair leantach ar mholtaí a bhí déanta againn in 2018, agus rinneamar measúnú féachaint an bhfuil feabhas curtha ag CIAE ar an gcaoi a bhfuil sé ag fócasú na tacaíochta ach fós cúram cuí a dhéanamh do chearta an duine. Fuaireamar go bhfuil sé tuairiscithe ag na tionscadail a fuair tacaíocht go bhfuil go leor torthaí tugtha i gcrích. Mar sin féin, níl tacaíocht CIAE fócasaithe a dóthain go fóill ar na tosaíochtaí atá comhaontaithe. Ina theannta sin, tá laigí i gcruinneas agus inbhuanaitheacht na dtorthaí atá tuairiscithe agus tá easpa nósanna imeachta agus obair leantach ann i gcás líomhaintí de sháruithe ar chearta an duine.

Ag féachaint do dheireadh CIAE agus/nó do ghníomhaíochtaí forbraíochta amach anseo, tá ceithre mholadh á ndéanamh againn.

Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors